AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 716 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire

{SWD(2025) 373 final}

IARSCRÍBHINN

Inneachar

COMPONENT 1: SUSTAINABLE RECOVERY 2
A. SUBCOMPONENT 1.A Renovation Wave 2
B. SUBCOMPONENT 1.B Eco-friendly Mobility 6
C. SUBCOMPONENT 1.C Biodiversity and Circular Economy 13
D. SUBCOMPONENT 1.D Transformation to climate-neutrality 20
COMPONENT 2: DIGITAL RECOVERY 23
E. SUBCOMPONENT 2.A Broadband expansion 23
F. SUBCOMPONENT 2.B Digitalisation of schools 27
G. SUBCOMPONENT 2.C Digitalisation of public administration 30
H. SUBCOMPONENT 2.D Digital and ecological transformation of enterprises 35
COMPONENT 3: KNOWLEDGE BASED RECOVERY 40
I. SUBCOMPONENT 3.A Research 40
J. SUBCOMPONENT 3.B Re-skilling And Up-skilling 44
K. SUBCOMPONENT 3.C Education 48
L. SUBCOMPONENT 3.D Strategic innovation 52
COMPONENT 4: JUST RECOVERY 56
M. SUBCOMPONENT 4.A Health 56
N.SUBCOMPONENT 4.B Resilient municipalities 62
O. SUBCOMPONENT 4.C Arts and Culture 68
P. SUBCOMPONENT 4.D Resilience through reforms 74
COMPONENT 5: REPowerEU 88
Q. SUBCOMPONENT 5.A Reforms 88
R. SUBCOMPONENT 5.B Investments 89
COMPONENT 6: Audit and Control 93
S. SUBCOMPONENT 6.A Audit and Control 93

ROINN 1: FABHTANNA AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN BPLEAN TÉARNAIMH AGUS COIGILTIS

1. Tuairisc ar Athchóirithe agus Infheistíochtaí

COMHPHÁIRT 1: TÉARNAMH INBHUANAITHE

A. SUBCOMPONENT 1.A RABHARTA ATHCHÓIRIÚCHÁIN

Leis an bhfo-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: an t-athrú aeráide, éifeachtúlacht fuinnimh, úsáid fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht acmhainní, truailliú aeir, bochtaineacht fuinnimh, neamhionannas sóisialta, cruthú post.

Is é is cuspóir don fho-chomhpháirt (i) an t-aistriú glas a chur chun cinn trí thacú le teicneolaíocht in-athnuaite a chur in ionad córais téimh ola agus gáis a dhéanann dochar don aeráid, agus (ii) athléimneacht shóisialta a neartú trí thacú le hathchóiriú teirmeach casta teaghaisí chun costais fuinnimh teaghlach ar ioncam íseal a laghdú. Tar éis ghéarchéim COVID-19, tá sé d'aidhm aige freisin rannchuidiú le téarnamh fostaíochta, mar gheall ar éifeachtaí iolraitheora na n-oibreacha athchóirithe ar chruthú post.

Rannchuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir leis an ngeilleagar a chothú agus tacú leis an téarnamh (Moladh Sonrach Tíre 1 in 2020), lena ndírítear ar infheistíocht maidir leis an aistriú glas, táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Sonrach Tír 3 in 2020) agus beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht maidir leis an inbhuanaitheacht (Moladh Sonrach Tír 3 in 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 1.A.1 Dícharbónú an stoic foirgneamh

Is é is cuspóir don athchóiriú na creatdálaí a chruthú chun córais téimh atá as dáta a athsholáthar. Cuirfidh an t-athchóiriú toirmeasc ar chórais téimh atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a shuiteáil le haghaidh téamh spáis agus/nó soláthar uisce the i bhfoirgnimh nua agus dreasófar leis fuinneamh in-athnuaite nó téamh ceantair a chur in ionad córais téimh breosla iontaise i bhfoirgnimh atá ann cheana. Ina theannta sin, cruthófar leis an athchóiriú ardán coiteann, i gcomhar leis na *Länder* agus le heagraíochtaí sóisialta, chun bearta tionlacain i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh a chomhordú, lena n-áirítear seirbhísí cistiúcháin agus comhairliúcháin do theaghlaigh ar ioncam íseal.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht: 1.A.2 Córais téimh ola agus gáis a mhalartú

Is é cuspóir na hinfheistíochta sciar na gcóras téimh atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite i bhfoirgnimh chónaithe a mhéadú, agus ar an gcaoi sin tomhaltas fuinnimh a bhaineann le téamh, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailliú aeir a laghdú.

Is éard atá san infheistíocht scéim tacaíochta do dhaoine aonair príobháideacha chun téitheoirí atá bunaithe ar bhithmhais, teaschaidéil nó nascóirí le téamh ceantair a chur in ionad córas téimh breosla iontaise.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht: 1.A.3 An bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac

Is é cuspóir na hinfheistíochta rannchuidiú le tomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh a laghdú.

Is éard atá san infheistíocht tionscadail le haghaidh athchóiriú teirmeach nó malartú córas téimh i bhfoirgnimh a úsáideann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha sóisialta ina bhfuil teaghaisí do dhaoine leochaileacha atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh.

A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
1	1.A.1 Dícharbónú an stoic foirgneamh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Téamh In-athnuaite agus an Achta leasaithe um Fhóirdheontais Chomhshaoil	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Téamh In-athnuaite agus an Achta leasaithe um Fhóirdheontais Chomhshaoil	—	—	—	C1	2022	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Téamh In-athnuaite agus an Achta leasaithe um Fhóirdheontais Chomhshaoil céimniú amach córas téimh breosla iontaise a dhreasú.
2	1.A.1 Dícharbónú an stoic foirgneamh	Garsprioc	Oiliúint do chomhairleoirí fuinnimh	Seoladh na hoiliúna do chomhairleoirí fuinnimh chun comhairle a thabhairt do theaghlaigh ar ioncam íseal agus do theaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de	—	—	—	R4	2022	I gcomhar leis na Länder agus leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha sóisialta atá rannpháirteach sa tionscadal, cuirfear oiliúint ar fáil do chomhairleoirí fuinnimh chun comhairle a chur ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar theaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de.
3	1.A.2 Córais téimh ola agus gáis a mhalartú	Cuspóir sonrach	Córais téimh a athsholáthar	—	Uimhir	0	6 360	R4	2021	Rinneadh 6360 tionscadal ar a laghad chun córais téimh a athsholáthar a chur chun feidhme agus a iniúchadh.
5	1.A.2: Córais téimh ola agus gáis a mhalartú	Cuspóir sonrach	Córais téimh a athsholáthar	—	Uimhir	6 360	31 800	R4	2022	Rinneadh 31800 tionscadal ar a laghad chun córais téimh a

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										athsholáthar a chur chun feidhme agus a iniúchadh.
6	1.A.3 An bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac	Garsprioc	Tosaíochtaí cistiúcháin a chinneadh	Cinneadh maidir le treoirlínte cistiúcháin chun meánlaghdú 30 % ar a laghad ar fhuinneamh príomhúil a áirithiú	—	—	—	C1	2022	Ghlac agus d'fhoilsigh an Aireacht Aeráide (BMK) na coinníollacha agus na tosaíochtaí cistiúcháin i dtreoirlínte cistiúcháin na scéime tacaíochta le haghaidh athchóiriú teirmeach i bhfoirgnimh a úsáideann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha sóisialta ina bhfuil teaghaisí do dhaoine leochaileacha atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh. Áiritheofar leis na treoirlínte cistiúcháin meánlaghdú 30 % ar a laghad ar ídiú fuinnimh phríomhúil na bhfoirgneamh atá le hathchóiriú.
7	1.A.3 An bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac	Cuspóir sonrach	Tionscadail athchóirithe theirmigh formheasta	—	Uimhir	0	480	C2	2024	Athchóiriú teirmeach ar 480 teaghais ar a laghad arna bhformheas ag BMK faoin scéim tacaíochta.
8	1.A.3 An bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac	Cuspóir sonrach	Fógra faoi chur i gcrích a chur isteach	—	Uimhir	0	39	C2	2026	Cuirfear an fógra maidir le cur i gcrích isteach le haghaidh 39 dtionscadal ar a laghad ina ndearnadh athchóirithe

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										teirmeacha agus/nó malartú córas téimh.

B. SUBCOMPONENT 1.B SOGHLUAISTEACHT ATÁ NEAMHDHÍOBHÁLACH DON CHOMHSHAOL

Leis an bhfo-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: dícharbónú na hearnála iompair, bonneagar inbhuanaithe, soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid.

Is iad cuspóirí na fo-chomhpháirte soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fheabhsú tríd an mbonneagar is gá a fhorbairt agus trí úsáid modhanna iompair inbhuanaithe a dhreasú.

Rannchuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le hinfheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas (Moladh Sonrach Tír 3 in 2020) agus ar bheartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht maidir le hinbhuanaitheacht (Moladh Sonrach Tír 3 in 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 1.B.1 Máistirphlean Soghluaisteachta 2030

Is é is cuspóir don athchóiriú seo astaíochtaí CO2 in earnáil an iompair a laghdú.

Is éard atá san athchóiriú foilsiú doiciméad straitéiseach faoin Máistirphlean Soghluaisteachta agus laghdú ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin in earnáil an iompair intíre.

Athchóiriú: 1.B.2 Tabhairt isteach ticéid aeráide 1-2-3

Is é is cuspóir don athchóiriú seo iompar poiblí inbhuanaithe idir réigiúin a éascú trí thairiscint ticéadaithe a chruthú ar phraghas réasúnta, simplí agus comhsheasmhach.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú ticéad séasúir ar ráta comhréidh a fhorbairt, a bheidh bailí ar fud na réigiún san Ostair, agus é mar aidhm leis na costais a laghdú agus úsáid an iompair phoiblí a dhreasú.

Táthar ag súil go gcuirfear tús le cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meán Fómhair 2021 agus críochnófar é faoin 31 Nollaig 2021 do chatagóir na dticéad aeráide náisiúnta agus/nó réigiúnach. Meastar go mbeidh gach ticéad 1-2-3 ar fáil tar éis 2021.

Infheistíocht: 1.B.3 Busanna astaíochtaí nialasacha

Is é is cuspóir don infheistíocht seo astaíochtaí an chórais iompair phoiblí a laghdú trí úsáid busanna astaíochtaí nialasacha a mhéadú.

Is éard atá san infheistíocht maoiniú do bhusanna atá feistithe le teicneolaíocht iomlán leictreach nó hidrigine.

Infheistíocht: 1.B.4 Feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha

Is é is cuspóir don infheistíocht seo na hastaíochtaí ón iompar a laghdú trí sciar na bhfeithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha a mhéadú.

Is éard atá san infheistíocht maoiniú le haghaidh feithiclí tráchtála atá feistithe le teicneolaíocht iomlán leictreach nó hidrigine.

Infheistíocht: 1.B.5. Tógáil iarnród nua

Is é is cuspóir don infheistíocht seo an Gréasán Tras-Eorpach a leathnú feadh Chonair Chroíghréasáin Mhuir Bhailt-Mhuirghréasáin Mhuir Aidriad agus feadh na nascachta idir-réigiúnaí san Ostair tríd an iompar poiblí.

Is éard atá san infheistíocht oibreacha ar thionscadail agus ar dheighleoga tionscadail ar iarnród Koralm idir Styria agus Carinthia, lena n-áirítear an bonneagar gaolmhar.

B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
9	1.B.1 Máistirphlean Soghluaisteachta 2030	Garsprioc	Tá tús curtha le cur chun feidhme an Mháistirphlean Soghluaisteachta	Roinnt céimeanna a chur i gcrích sa Mháistirphlean Soghluaisteachta	—	—	—	C3	2023	Foilsíodh na doiciméid straitéiseacha seo a leanas faoin Máistirphlean Soghluaisteachta: — Clár mear um shoghluaisteacht fuinnimh in-athnuaite — An Straitéis um an tSoghluaisteacht Chomhroinnte — Máistirphlean lasta — Claochlú Digiteach Máistirphlean sa tSoghluaisteacht — Straitéis Soghluaisteachta FTI 2040 — Straitéis Eitlíochta FTI Ina theannta sin, achtaíodh pacáiste reachtach lena dtugtar isteach Seiceáil Aeráide ar an reachtaíocht atá ann cheana d'earnáil na soghluaisteachta agus cuireadh an Coinbhinsiún maidir le hAlpa (Prótacal Iompair) chun feidhme.
10	1.B.1 Máistirphlean Soghluaisteachta 2030	Garsprioc	Laghdú ar astaíochtaí CO2 in earnáil an iompair intíre	Astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin san earnáil iompair intíre				C3	2025	Ní rachaidh astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin in earnáil an iompair intíre thar 20 milliún tona CO2eq in 2023 bunaithe ar shonraí ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
11	1.B.2 Tabhairt isteach ticéid aeráide 1-2-3	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí maidir leis an ticéad aeráide a thabhairt isteach	—	—	—	C3	2021	Tháinig an ‘Gníomh Cónaidhme maidir le ticéad aeráide a thabhairt isteach’ i bhfeidhm. Forordófar leis an dlí riail ghinearálta maidir le huastaraifí a shocrú i gcomhréir le Rialachán Uimh. 1370/2007 ón Aontas. Saineofar sa dlí an raon feidhme críochach, tráchta, pearsanta agus ama, agus praghas an ticéid aeráide 1-2-3.
12	1.B.2 Tabhairt isteach ticéid aeráide 1-2-3	Garsprioc	Ticéad aeráide 1-2-3 a thabhairt isteach	Tabharfar na chéad ticéid aeráide 1-2-3 isteach ar an margadh.	—	—	—	R4	2021	Tá catagóirí náisiúnta agus/nó réigiúnacha an ticéid aeráide 1-2-3 ar fáil do chustaiméirí lena cheannach agus lena úsáid.
13	1.B.3 Busanna astaíochtaí nialasacha	Garsprioc	Seoladh an chláir tacaíochta maidir le busanna astaíochtaí nialasacha	Fógraíodh an glao ar léiriú spéise go poiblí.	—	—	—	C1	2022	Seoladh an glao ar léiriú spéise. Cuirfidh an glao ar chumas comhlachas iompair, cuideachtaí iompair agus tairbhithe ionchasacha eile a n-iarratais a chur isteach (trí thairseach tíolactha dhigitigh na hOifige Socraíochta). Áireofar i dtionscadail incháilithe busanna astaíochtaí nialasacha agus an bonneagar chun na busanna a oibriú.
14	1.B.3 Busanna astaíochtaí nialasacha	Garsprioc	Cuireadh an glao deiridh i gcrích	Glao deiridh ar léiriú spéise ó thairbhithe féideartha curtha i gcrích	—	—	—	R4	2024	Tá an glao deiridh ar léiriú spéise ó thairbhithe féideartha curtha i gcrích. Áireofar ar na tionscadail incháilithe busanna iomlána leictreacha nó

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thábhachtach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										hidrigine agus an bonneagar is gá chun iad a oibriú.
15	1.B.3 Busanna astaíochtaí nialasacha	Cuspóir sonrach	Busanna atá feistithe le teicneolaíocht iomlán leictreach nó hidrigine	—	Uimhir	0	521	C2	2026	Eisíodh deimhnithe clárúcháin feithicle le haghaidh 521 bhus leictreacha nó hidrigine iomlána ar a laghad.
17	1.B.4 Feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha	Garsprioc	Seoladh an chláir tacaíochta	Seoladh an chláir tacaíochta le haghaidh feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha agus a mbonneagar luchtaithe (‘E - Mobilitäts-*offensive 2021*’ le haghaidh cuideachtaí).	—	—	—	C1	2021	Seoladh an clár tacaíochta. Cuirfidh sé ar a gcumas do ghnólachtaí agus d’eagraíochtaí gnó eile, d’údaráis phoiblí agus do chomhlachais na doiciméid uile is gá a cheadú agus a n-iarratais a chur isteach (trí thairseach tíolactha dhigitigh na hOifige Socraíochta). Áireofar sna tionscadail incháilithe feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha agus an bonneagar chun na feithiclí sin a oibriú.
18	1.B.4 Feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha	Garsprioc	Cuireadh an glao deiridh i gcrích	Glao deiridh ar léiriú spéise ó thairbhithe féideartha curtha i gcrích	—	—	—	R4	2024	Tá an glao deiridh ar léiriú spéise ó thairbhithe féideartha curtha i gcrích. Áirítear ar na tionscadail incháilithe feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha agus an bonneagar chun na feithiclí sin a oibriú.
19	1.B.4 Feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha	Cuspóir sonrach	Feithiclí atá feistithe le teicneolaíocht	—	Uimhir	0	2 767	R4	2025	Eisíodh deimhnithe clárúcháin feithicle le haghaidh 2767 bhfeithicil fóntais iomlána leictreacha nó hidrigine N1 ar a laghad.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			iomlán leictreach nó hidrigine							
21	1.B.5 Iarnróid nua a thógáil	Garsprioc	Tionscadal tógála atá ar siúl faoi láthair	Tús le tógáil stáisiún iarnróid Lavanttal	—	—	—	C1	2020	Cuireadh tús leis an tógáil i mí an Mhárta 2020 don stáisiún Lavanttal, stáisiún iarnróid réigiúnach nua atá lonnaithe in Carinthia feadh Koralmbahn. Ceadóidh an stáisiún nasc idir Koralmbahn agus an Lavanttalbahn.
22	1.B.5 Iarnróid nua a thógáil	Garsprioc	Conarthaí a dámhadh	Conarthaí nó ionstraimí dlí eile arna ndámhachtain	—	—	—	R4	2023	Conarthaí nó ionstraimí dlí eile arna ndámhachtain le haghaidh oibreacha lena gcumhdaítear i dteannta a chéile na tionscadail agus na deighleoga tionscadail seo a leanas: • Graz-Weitendorf • Feldkirchen-Weitendorf, lena n-áirítear brainse aerfoirt (Flughafenast) • Wettmannstätten-Deutschlandsberg • Deutschlandsberg-St.Andrä, lena n-áirítear Koralmtunnel • St.Andrä-Aich • Aich-Mittlern, lena n-áirítear droichead Jauntal • Mittlern-Althofen

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										• Bunáiteanna cothabhála feadh iarnród Koralm • Doirse tolláin feadh iarnród Koralm • Ionad Bloc Raidió Graz • Soláthar cumhachta tarraingthe feadh iarnród Koralm (Bahnstromversorgung)
23	1.B.5 Iarnróid nua a thógáil	Garsprioc	Deimhniú na n-oibreacha	Deimhniú ar oibreacha a chomhlíonann na conarthaí nó ionstraimí dlí eile	—	—	—	C2	2026	Deimhniú ó Schieneninfrastruktur-Dienstleistungsgesellschaft mbH (SCHIG) go bhfuil na hoibreacha a chomhlíonann na conarthaí nó ionstraimí dlí eile le haghaidh gharsprioc 22 tugtha chun críche.

C. SUBCOMPONENT 1.C BITHÉAGSÚLACHT AGUS AN GEILLEAGAR CIORCLACH

Le fo-chomhpháirt phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: dramhaíl a chosc, a shórtáil agus a athchúrsáil, aistriú chuig geilleagar ciorclach agus an bhithéagsúlacht a chur chun cinn.

Is iad cuspóirí na fo-chomhpháirte feabhas a chur ar an aistriú ó gheilleagar líneach na hOstaire chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin, feabhas a chur ar chórais aisghlactha agus cuóta na pacáistíochta dí in-athúsáidte a mhéadú, saoráidí sórtála a thógáil agus a iarfheistiú chun an t-aschur sórtála a mhéadú, chomh maith le deisiú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn agus tacú le caomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta san Ostair.

Rannchuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le hinfheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas (Moladh Sonrach Tír 3 in 2020) agus ar bheartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht maidir le hinbhuanaitheacht (Moladh Sonrach Tír 3 in 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 1.C.1 Creat dlíthiúil chun rátaí bailiúcháin le haghaidh pacáistíocht dí agus soláthar coimeádán dí in-athúsáidte sa mhiondíol a mhéadú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo ráta athúsáide, bailithe agus athchúrsála pacáistíochta dí agus coimeádán dí a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú bunús dlí a bhunú chun na rátaí bailithe le haghaidh pacáistíocht dí phlaisteach agus soláthar coimeádán dí in-athúsáidte san earnáil mhiondíola a mhéadú.

Infheistíocht: 1.C.2 Ciste bithéagsúlachta

Is é is cuspóir don infheistíocht sin tacú le caomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta san Ostair.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht ciste bithéagsúlachta a bhunú, chun tacú le tionscadail chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú, éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú, gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus chun faireachán a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht.

Infheistíocht: 1.C.3 Infheistíochtaí i gcórais díola droim ar ais, i saoráidí níocháin agus athlíonta, agus i dtrealamh pacáistíochta

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú le córais aisghlactha san earnáil mhiondíola agus cuóta athúsáide na gcoimeádán dí a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht córais aisghlactha a cheannach agus a athchóiriú san earnáil mhiondíola agus clár tacaíochta chun saoráidí níocháin agus athlíonta agus pacáistiú coimeádán dí in-athúsáidte a dhéanamh.

Infheistíocht: 1.C.4 Iarfheistiú saoráidí sórtála atá ann cheana agus tógáil saoráidí sórtála nua

Is é is cuspóir don infheistíocht seo acmhainneacht sórtála agus doimhneacht na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach san Ostair a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht saoráidí sórtála dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach nua a thógáil agus saoráidí sórtála dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach atá ann cheana a iarfheistiú.

Infheistíocht: 1.C.5 Deisiú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn (bónas deisiúcháin)

Is é is cuspóir don infheistíocht seo líon an trealaimh leictrigh agus leictreonaigh athchóirithe agus deisithe a ardú.

Is éard atá san infheistíocht clár tacaíochta chun deisiú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a dhreasú.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
24	1.C.1 Creat dlíthiúil chun rátaí bailiúcháin le haghaidh pacáistíocht dí agus soláthar coimeádán dí in-athúsáidte sa mhiondíol a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta leasaithe um Bainistiú Dramhaíola	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Achta leasaithe um Bainistiú Dramhaíola	—	—	—	R4	2021	Leis an leasú ar an Acht um Bainistiú Dramhaíola, bunófar an bunús dlí chun na rátaí bailithe le haghaidh pacáistíocht dí phlaisteach agus soláthar coimeádán dí in-athúsáidte san earnáil mhiondíola a mhéadú. Áirítear leis sin cuótaí maidir le buidéil deochanna aon úsáide a bhailiú ar leithligh, ceanglais maidir le lipéadú soiléir ar phacáistíocht deochanna a thairgtear ag an díolphointe mar phacáistíocht deochanna aon úsáide nó in-athúsáidte, agus spriocanna nithiúla chun córais in-athúsáidte a fhorbairt le haghaidh pacáistíocht deochanna;

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										ceanglófar ar dháileoirí deiridh íoslíon pacáistíochta dí in-athúsáidte a thairiscint ag an díolphointe.
25	1.C.1 Creat dlíthiúil chun rátaí bailiúcháin le haghaidh pacáistíocht dí agus soláthar coimeádán dí in-athúsáidte sa mhiondíol a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin cur chun feidhme	Teacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme chun rátaí bailithe a mhéadú le haghaidh pacáistíocht dí phlaisteach	—	—	—	C1	2023	Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme, bunaíodh an bunús fodhlí chun rátaí bailithe le haghaidh pacáistíocht dí phlaisteach a mhéadú.
27	1.C.2 Ciste bithéagsúlachta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil don Chiste Bithéagsúlachta	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil don Chiste Bithéagsúlachta agus don Straitéis Náisiúnta Bithéagsúlachta 2030	—	—	—	C1	2022	Leis an Acht Cónaidhme (leasú ar an Acht um an gCónaidhm Chomhshaoil), bunaíodh an Ciste Bithéagsúlachta agus leagadh síos a chuspóirí agus a mhódúlachtaí cur chun feidhme.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
28	1.C.2 Ciste bithéagsúlachta	Garsprioc	An glao ar thionscadail a chur i gcrích chun éiceachórais dhíghrádaithe tosaíochta a athbhunú agus chun speicis agus gnáthóga atá i mbaol a chosaint	Tá an glao ar thionscadail curtha i gcrích agus dámhadh tionscadail	—	—	—	C1	2023	Bunaithe ar na treoirlínte cistiúcháin, ina sonrófar cineál agus raon feidhme na dtionscadal incháilithe agus na dtairbhithe féideartha, rinne an comhlacht cur chun feidhme glao ar thionscadail chun éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú agus chun speicis agus gnáthóga atá i mbaol a chosaint. Bronnadh tionscadail chistiúcháin le haghaidh faireachán ar an mbithéagsúlacht ar bhonn cur chuige náisiúnta atá ann cheana.
29	1.C.2 Ciste bithéagsúlachta	Cuspóir sonrach	Tionscadail bhithéagsúlachta	—	Líon na dtionscadal	0	20	C2	2026	D’eisigh an comhlacht cur chun feidhme litreacha eisíocaíochta le haghaidh 20 tionscadal chun éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú agus chun speicis agus gnáthóga a chosaint.
30	1.C.3 Infheistíochtaí i	Cuspóir sonrach	Córais aisghlactha	—	Uimhir	0	5 000	C1	2024	Cheannaigh cuideachtaí san earnáil miondíola

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	gcórais díola droim ar ais, i saoráidí níocháin agus athlíonta, agus i dtrealamh pacáistíochta									5000 meaisín díola droim ar ais nua ar a laghad nó rinne siad uasghrádú ar na cinn atá ann cheana ó thaobh glacadh ar ais éifeachtúil agus nascacht sonraí de.
31	1.C.3 Infheistíochtaí i gcórais díola droim ar ais, i saoráidí níocháin agus athlíonta, agus i dtrealamh pacáistíochta	Cuspóir sonrach	Tionscadail chun saoráidí níocháin, athlíonta nó pacáistithe a fháil nó coimeádáin dí in-athúsáidte a fháil	—	Líon na dtionscadal	0	15	C1	2026	D'eisigh Kommunalkredit Public Consulting GmbH 15 litir maidir le híocaíocht as saoráidí níocháin, athlíonta nó pacáistithe nó éadáil coimeádán dí in-athúsáidte chuig faighteoirí.
32	1.C.4: Iarfheistiú saoráidí sórtála atá ann cheana agus tógáil saoráidí sórtála nua	Cuspóir sonrach	Iarratais ar cheadanna le haghaidh tógála nó iarfheistithe	—	Uimhir	0	3	C3	2022	Fuair na húdaráis inniúla trí iarratas ar a laghad ó chuideachtaí bainistíochta dramhaíola poiblí agus/nó príobháideacha ar cheadanna chun saoráidí sórtála le haghaidh dramhaíl phlaisteach a thógáil nó a iarfheistiú.
33	1.C.4: Iarfheistiú saoráidí sórtála	Cuspóir sonrach	Saoráidí sórtála nua nó iarfheistithe	—	Uimhir	0	8	C2	2026	D'eisigh an ghníomhaireacht cur chun feidhme litreacha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	atá ann cheana agus tógáil saoráidí sórtála nua									eisíocaíochta le haghaidh ocht saoráid sórtála nua nó iarfheistithe ar a laghad le haghaidh dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach.
35	1.C.5 Deisiú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn (bónas deisiúcháin)	Garsprioc	Seoladh an chláir tacaíochta bónais deisiúcháin	Beidh an clár tacaíochta bónais deisiúcháin ar oscailt le haghaidh iarratas	—	—	—	C1	2022	Go bhfuil socruithe eagraíochtúla agus nósanna imeachta teicniúla maidir le seoladh an chláir bónais deisiúcháin curtha i gcrích; foilseofar an clár cistiúcháin agus osclófar é le haghaidh iarratas.
36	1.C.5 Deisiú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn (bónas deisiúcháin)	Cuspóir sonrach	Trealamh leictreach nó leictreonach deisithe nó athnuaite	—	Uimhir	0	200 000	C1	2024	Deisíodh nó athnuadh 200000 gaireas leictreach nó leictreonach ar a laghad; rinne an oifig próiseála cistiúcháin an fhaisnéis ábhartha ó na tairbhithe a bhailiú agus a tharchur.
37	1.C.5 Deisiú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn	Cuspóir sonrach	Gléasanna leictreacha nó leictreonacha deisithe nó athnuaite	—	Uimhir	200 000	400 000	R4	2025	Deisíodh nó athnuadh 400000 gaireas leictreach nó leictreonach ar a laghad.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	(bónas deisiúcháin)									

D. SUBCOMPONENT 1.D CLAOCHLÚ I DTREO NA HAERÁIDNEODRACHTA

Leis an bhfo-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: giniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite, comhtháthú an chórais fuinnimh, maolú ar an athrú aeráide, dícharbónú agus laghdú ar dhéine fuinnimh na tionsclaíochta.

Is é is cuspóir don fho-chomhpháirt tacú le forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh agus le dícharbónú na n-earnálacha tionsclaíocha san Ostair.

Rannchuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir le hinfheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas, ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 in 2020) agus ar bheartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht maidir le hinbhuanaitheacht Moladh Tírshonrach 3 in 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 1.D.1 An Dlí um Leathnú maidir le Fuinneamh In-athnuaite

Is é is cuspóir don athchóiriú seo rannchuidiú le sciar an fhuinnimh in-athnuaite sa soláthar leictreachais a mhéadú.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le leathnú an fhuinnimh in-athnuaite, acmhainneacht giniúna leictreachais in-athnuaite a shuiteáil agus acmhainneacht táirgeachta hidrigine.

Infheistíocht: 1.D.2 An geilleagar a chlaochlú i dtreo na haeráidneodrachta

Is é is cuspóir don infheistíocht sin dlús a chur le dícharbónú an gheilleagair.

Is éard atá san infheistíocht glaonna ar thograí lena ndírítear ar thionscadail dícharbónaithe chlaochlaitheacha in earnálacha eacnamaíocha inter alia a thagann faoi Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais freisin.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
38	1.D.1 An Dlí um Leathnú maidir le Fuinneamh In-athnuaite	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Méadú ar Fhoinsí In-athnuaite	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Méadú ar Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite	—	—	—	R4	2021	An Dlí maidir le Méadú ar Fhoinsí In-athnuaite Fuinnimh, lena mbunaítear creatdálaí agus maoiniú giniúna leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite
39	1.D.1 An Dlí um Leathnú maidir le Fuinneamh In-athnuaite	Cuspóir sonrach	Acmhainneacht bhreise giniúna leictreachais in-athnuaite	—	An líon in MW	0	1 300	R4	2024	Suiteáladh acmhainneacht ghiniúna bhreise 1 300 MW ar a laghad ó fhoinsí in-athnuaite.
40	1.D.1 An Dlí um Leathnú maidir le Fuinneamh In-athnuaite	Garsprioc	Toilleadh leictrealóra suiteáilte	Toilleadh leictrealóra suiteáilte	—	—	—	C2	2026	*Foilseofar* Marktbericht by *Servicestelle Erneuerbare Energien*. 28 MWar a laghad a bheidh in acmhainneacht thuairiscithe leictrealóirí hidrigine suiteáilte, *mar*a shonraítear sa *roinn‘Erneuerbarer Wasserstoff” de Marktbericht.*
41	1.D.2 An geilleagar a chlaochlú i dtreo	Garsprioc	Critéir rialála agus treoirlínte	Leasú ar na treoirlínte cistiúcháin,	—	—	—	C3	2021	Leasú ar na critéir rialála agus ar na treoirlínte cistiúcháin

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	na haeráidneodracht a		cistiúcháin a ghlacadh	lena n-áirítear sainmhíniú ar chritéir incháilitheacht a chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe substaintiúla ar astaíochtaí gás ceaptha teasa						‘*Umweltförderung im Inland*’ (bunaithe ar ‘Umweltförderungsgesetz’) le haghaidh tacaíocht chomhshaoil lena gcuirtear mórthionscadail agus bearta chun cinn le haghaidh suiteálacha CTA, lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirithítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01). Glacfaidh agus foilseoidh an Aireacht Aeráide (BMK) an leasú.
42	1.D.2 An geilleagar a chlaochlú i dtreo na haeráidneodracht a	Cuspóir sonrach	Tionscadail dícharbónaithe a chur i bhfeidhm	—	Uimhir	0	20	C2	2024	Formheasadh 20 tionscadal ar a laghad chun táirgeadh tionsclaíoch a dhícharbónú le haghaidh cistiú faoin scéim tacaíochta.
43	1.D.2 An geilleagar a chlaochlú i dtreo na	Cuspóir sonrach	Tuarascálacha a eisiúint maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú le	—	Uimhir	0	20	C2	2026	Fuair an comhlacht cur chun feidhme tuarascálacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú le

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	haeráidneodracht a		haghaidh tionscadail dícharbónaithe							haghaidh 20 tionscadal dícharbónaithe ar a laghad.

COMHPHÁIRT 2: TÉARNAMH DIGITEACH

E. SUBCOMPONENT 2. LEATHNÚ LEATHANBHANDA

Leis an bhfo-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar riaráiste na hOstaire maidir le líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe a imscaradh. Tá cumhdach an-íseal ag an Ostair ar líonraí fíor-ardacmhainneachta fosaithe, a shroich 39 % in 2020, i gcomparáid le meán 59 % an Aontais[1].

Is é is aidhm don fho-chomhpháirt infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe a áirithiú agus naisc nua shiméadracha Gigighiotáin a bhunú i limistéir a bhfuil gníomhaithe socheacnamaíocha ar leith acu, amhail institiúidí poiblí agus fiontair. Dá bhrí sin, is é cuspóir na fo-chomhpháirte nascacht leathanbhanda éifeachtúil agus inacmhainne a sholáthar ar fud na hOstaire, lena n-áiritheofar cuimsiú digiteach na réigiún tuaithe go háirithe.

Cuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir le hinfheistíocht bhreise i mbonneagar, lena n-áirítear leathanbhanda tuaithe (Moltaí Tírshonracha in 2020, aithris 21) agus nascacht ardluais a áirithiú i gceantair thuaithe (Moltaí Tírshonracha in 2019, aithris 15).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 2.A.1 Bonneagar Idirlín Ardáin a chur ar bun don Ostair (PIA) 2030

Beartaítear leis an athchóiriú ardán a chruthú chun na páirtithe leasmhara ábhartha (amhail rialtas feidearálach, Länder, bardais, cuideachtaí agus saoránaigh) a chomhordú agus chun bearta dlíthiúla, rialála agus teicniúla a fhorbairt maidir le leathanbhanda a chur in úsáid. Ina theannta sin, cuirfidh an t-ardán moltaí an Bhosca Uirlisí um Nascacht chun feidhme. Leis an athchóiriú, laghdófar maorlathas agus simpleofar nósanna imeachta maidir le húsáid leathanbhanda.

Táthar ag súil go gcuirfear tús le cur chun feidhme an bhirt faoin 31 Nollaig 2021 agus críochnófar é faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht: 2.A.2 Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Gigighiotáin a chruthú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo infhaighteacht leathanbhanda a mhéadú sna limistéir sin den Ostair, ar limistéir iad nach gcumhdaítear nó nach gcumhdaítear go leordhóthanach leis an earnáil phríobháideach mar gheall ar chliseadh margaidh.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacú le 250 tionscadal ar a laghad lena soláthraítear rochtain Gigighiotáin ar 80000 teaghlach ar a laghad.

[1] Staidéir maidir le Cumhdach Leathanbhanda san Eoraip don Choimisiún Eorpach le IHS Markit, Omdia agus Point Topic.

E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
44	2.A.1 Bonneagar Idirlín Ardáin a chur ar bun don Ostair (PIA) 2030	Garsprioc	Clár oibre Ardán Bhonneagar Idirlín na hOstaire (PIA 2030) chun idirghníomhaíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile a chomhordú	Foilsiú an chláir oibre ina leagtar amach bearta chun rómhaorlathas a laghdú agus nósanna imeachta maidir le húsáid leathanbhanda a shimpliú	—	—	—	R4	2021	Clár PIA 2030 a ghlacadh, chun tascfhórsa a bhunú chun na páirtithe leasmhara ábhartha uile a chomhordú. Is é is cuspóir don tascfhórsa bearta dlíthiúla, rialála agus teicniúla a fhorbairt i gcomhthéacs leathanbhanda a chur in úsáid, agus an Bosca Uirlisí um Nascacht a chur chun feidhme.
45	2.A.1 Bonneagar Idirlín Ardáin a chur ar bun don Ostair (PIA) 2030	Garsprioc	Cur chun feidhme na mbeart a d'fhorbair an tArdán chun rómhaorlathas a laghdú agus nósanna imeachta maidir le húsáid leathanbhanda a shimpliú	Tuarascáil a fhoilsiú lena ndeimhneofar cur chun feidhme na mbeart arna bhforbairt ag an Ardán chun rómhaorlathas a laghdú agus nósanna imeachta maidir le húsáid leathanbhanda a shimpliú	—	—	—	R4	2023	Cur chun feidhme an chláir oibre ag bonneagar Idirlín Ardáin na hOstaire 2030 le bearta chun rómhaorlathas a laghdú agus nósanna imeachta maidir le húsáid leathanbhanda a shimpliú. Tuarascáil mheastóireachta a fhoilsiú ina dtugtar tuairisc ar chur chun

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										feidhme an chláir oibre.
46	2.A.2 Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Gigighiotáin a chruthú	Garsprioc	Glaonna ar thairiscintí chun líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe a chur i gcrích	Cinntí dámhachtana a eisíodh	—	—	—	C3	2022	Glaonna ar thairiscintí chun líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe faoi Leathanbhanda na hOstaire 2030 a chumasú agus iad curtha i gcrích le cinntí dámhachtana eisithe.
47	2.A.2 Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Gigighiotáin a chruthú	Garsprioc	Síniú na gconarthaí	Síniú na gconarthaí	—	—	—	C3	2023	Síniú na gconarthaí uile a bhaineann leis na glaonna ar thairiscintí a cuireadh i gcrích le haghaidh tionscadal chun líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe a chumasú faoi Leathanbhanda na hOstaire 2030. Beidh na conarthaí sínithe ina léiriú ar thionscadail do 150000 teaghlach Ostarach.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
48	2.A.2 Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Gigighiotáin a chruthú	Cuspóir sonrach	Tionscadail lena soláthraítear rochtain ar leathanbhanda	—	Líon na dtionscadal	0	250	C2	2026	Glacadh ag Gníomhaireacht na hOstaire um Chur Chun Cinn Taighde (FFG) le 250 tionscadal ar a laghad lena dtugtar rochtain ar líonraí Gigighiotáin-chumasaithe do 80000 teaghlach ar a laghad.

F. SUBCOMPONENT 2.B DIGITIÚ SCOILEANNA

Le fo-chomhpháirt phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: tacú leis an aistriú digiteach i scoileanna, agus rochtain chomhionann agus comhdheiseanna á n-urramú ag an am céanna, trí na gléasanna digiteacha is gá a chur ar fáil do dhaltaí, ag tosú ar leibhéal na meánscoile íochtaraí.

Is é cuspóir na fo-chomhpháirte cur chun feidhme inbhuanaithe an teagaisc a fhaigheann tacaíocht ó TF i ngach scoil ar leibhéal meánscoile íochtaraí faoi na creatchoinníollacha céanna do gach dalta. Ina theannta sin, i gcomhthéacs aistriú digiteach na scolaíochta, is é is aidhm don fho-chomhpháirt seirbhísí bunaithe ar riachtanais a sholáthar chomh maith le comhdheiseanna a chruthú do chách agus leibhéal inniúlachtaí digiteacha na múinteoirí agus na ndaltaí a mhéadú ag tosú ón leibhéal meánscoile íochtaraí.

Tugtar aghaidh san fho-chomhpháirt ar na moltaí tírshonracha lena ndírítear ar bhunleibhéil scileanna na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste a ardú (Moladh Tírshonrach 3 in 2019) agus ar chomhionannas deiseanna a áirithiú san oideachas agus ar an bhfoghlaim dhigiteach a mhéadú (Moladh Tírshonrach 2 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 2.B.1 Rochtain chothrom chomhionann do dhaltaí ar inniúlacht bhunúsach dhigiteach

Is é is cuspóir don athchóiriú na coinníollacha creata a leagan amach chun rochtain ar inniúlachtaí digiteacha bunúsacha a chumasú do dhaltaí i meánscoileanna íochtaracha.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm creata le haghaidh oiliúint inseirbhíse níos fearr do mhúinteoirí, bonneagar scoile feabhsaithe, tairseach oideolaíoch agus riaracháin a bhunú chomh maith le tairseach ábhair foghlama a fheabhsú.

Infheistíocht: 2.B.2 Feistí digiteacha úsáideora deiridh a sholáthar do scoileanna

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le timpeallacht foghlama digití do dhaltaí trí rochtain ar ghléasanna digiteacha a sholáthar.

Is éard atá i gceist leis an mbeart feistí digiteacha a sheachadadh chuig scoileanna.

F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
49	2.B.1 Rochtain chothrom chomhionann do dhaltaí ar inniúlacht bhunúsach dhigiteach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh um Dhigitiú Scoile	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Ghnímh um Dhigitiú Scoile.	—	—	—	C1	2021	Tháinig an tAcht um Dhigitiú Scoile i bhfeidhm, lena soláthraítear an creat le haghaidh oiliúint inseirbhíse múinteoirí níos fearr, bonneagar scoile feabhsaithe, tairseach oideolaíoch agus riaracháin a bhunú chomh maith le feabhas a chur ar thairseach ábhair foghlama.
50	2.B.1 Rochtain chothrom chomhionann do dhaltaí ar inniúlacht bhunúsach dhigiteach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme	Foilsiú rialachán cur chun feidhme an Ghnímh um Dhigitiú Scoile	—	—	—	C3	2021	Tháinig rialachán cur chun feidhme an Ghnímh um Dhigitiú Scoile i bhfeidhm.
52	2.B.2 Feistí digiteacha úsáideora deiridh a sholáthar do scoileanna	Garsprioc	Cinneadh dámhachtana maidir le tairiscint i ndáil le gléasanna deiridh digiteacha	Tá an cinneadh dámhachtana maidir leis an tairiscint fhoilsithe le haghaidh na ngléasanna digiteacha tugtha	—	—	—	C2	2021	Foilseoidh an Aireacht fhreagrach an cinneadh dámhachtana tar éis na tairisceana uile-Eorpaí le haghaidh gairis dhigiteacha úsáideora deiridh do dhaltaí agus áiritheoidh sí gur dámhadh an conradh chun

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
				chun críche agus foilsithe.						gairis dhigiteacha úsáideora deiridh a sholáthar do dhaltaí.
53	2.B.2 Feistí digiteacha úsáideora deiridh a sholáthar do scoileanna	Cuspóir sonrach	Gléasanna digiteacha don chéad dá bhliain den mheánscoil	—	céatadán de chúigear daltaí i ngrád[a ceathair] agus de shé[dhalta] i ngrád a ceathair	0	100	R4	2021	Críochnófar seachadadh na bhfeistí don ghrád 5ú[agus] 6ú[an chéad bhliain agus an dara bliain den leibhéal meánscoile íochtaraí).
54	2.B.2 Feistí digiteacha úsáideora deiridh a sholáthar do scoileanna	Cuspóir sonrach	Gléasanna digiteacha arna seachadadh chuig scoileanna	—	Líon na ngléasanna digiteacha arna seachadadh chuig scoileanna	160 000	400 000	C2	2025	Deimhnithe seachadta sínithe ag scoileanna le haghaidh 240000 gaireas digiteach (ríomhairí glúine nó táibléid)

G. SUBCOMPONENT 2.C DIGITIÚ AN RIARACHÁIN PHOIBLÍ

Isfo-chomhpháirt é de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire lena dtugtar aghaidh ar an dúshlán a bhaineann leis an aistriú digiteach a áirithiú sa riarachán poiblí, rud ar leagadh béim bhreise ar a thábhachtaí atá sé mar gheall ar ráig COVID -19.

Is é is cuspóir don fho-chomhpháirt digitiú an riaracháin phoiblí a chothú, rud a mheastar a rannchuideoidh le borradh a chur faoin bhfuinneamh eacnamaíoch agus le dlús a chur leis an téarnamh. Tá níos mó i gceist leis an gcuspóir sin ná díreach an ghéarchéim a bhainistiú agus meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach aige ar fhorbairt an riaracháin, agus ar an iomaíochas, ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí.

Rannchuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach chun an t-ualach riaracháin agus rialála a laghdú (Moladh Tírshonrach 3 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 2.C.1 Reachtaíocht atá beartaithe d'aon iarraidh amháin: Leasú ar an Acht um Thairseach na Seirbhíse Gnó

Is é is aidhm don athchóiriú maorlathas a laghdú a thuilleadh d'oibreoirí gnó agus do shaoránaigh trí na gníomhaíochtaí a thabhairt isteach chun prionsabal na haonuaire a chur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin tuairisciú dúbailte agus iltuairisciú a laghdú.

Áirítear san athchóiriú leasú ar an Acht um Thairseach na Seirbhíse Gnó*(*Unternehmensserviceportalgesetz), a bheidh mar bhonn do bhearta reachtacha ábhartha breise. Beidh cur i bhfeidhm phrionsabal na haonuaire éigeantach in imeachtaí riaracháin dá bhforáiltear leis na bearta reachtacha nua. Maidir le bunú an bhonneagair bhunúsaigh le haghaidh riaracháin ar fud na n-údarás réigiúnach chun go mbeidh siad in ann próisis agus seirbhísí tuairiscithe a dhearadh i gcomhréir le prionsabal na haonuaire, déanfar é a chistiú in 2021 leis an gciste don digitiú (féach infheistíocht 2.C.2), agus sna blianta ina dhiaidh sin meastar go maoineofar é leis an nGníomh um an gCreat Airgeadais Cónaidhme. Mar chéad chéim, bainfidh fiontraithe ar an leibhéal náisiúnta tairbhe as an mbeart. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfaí na seirbhísí a thairiscint do shaoránaigh freisin.

Meastar go gcuirfear tús le cur chun feidhme an athchóirithe faoin 30 Meán Fómhair 2021 agus tabharfar chun críche é faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht: 2.C.2 Riarachán poiblí an chiste don digitiú

Is é is aidhm don infheistíocht rannchuidiú le riarachán atá dírithe ar sheirbhís atá dírithe ar an saoránach a fhorbairt le bonneagar digiteach nua-aimseartha. Is é an cuspóir atá ann dlús a chur leis an digitiú sa riarachán feidearálach trí thionscadail a bhfuil tionchar tras-rannach acu a mhaoiniú. Tá gá níos mó faoi láthair le comhdhlúthú i dtírdhreach TF riarachán cónaidhme na hOstaire, atá an-ilchineálach. Is minic a úsáideann ranna lárionaid sonraí, bogearraí agus crua-earraí agus soláthraithe seirbhíse éagsúla. Cuideoidh an infheistíocht le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí chomhdhlúthú TF a chur chun feidhme sa rialtas feidearálach, trí sheirbhísí TF a fhorbairt do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, agus trí nósanna imeachta a bharrfheabhsú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht na tionscadail arna gcur isteach ag ranna feidearálacha agus arna roghnú ag an tascfhórsa tiomnaithe a chistiú. Úsáidfear leath de na cistí sin ar a

laghad le haghaidh tionscadail thras-rannacha chun comhdhlúthú TF a chur chun feidhme sa rialtas feidearálach.

Úsáidfear na cistí eile le haghaidh tionscadail a bhfuil tionchar tras-rannach acu ar fhorbairt seirbhísí saoránach agus gnó agus le haghaidh tionscadail atá dírithe ar dhlús a chur le héifeachtúlacht nósanna imeachta agus í a fheabhsú. I measc na samplaí de thionscadail a d'fhéadfadh a bheith ann tá ríomh-shainaitheantas (e-ID), Tairseach Aonair Dhigiteach a thabhairt isteach, Tairseach na Seirbhíse Gnó a fhorbairt agus prionsabal na haonuaire a chur chun feidhme.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
56	2.C.1 Reachtaíocht atá beartaithe d'aon iarraidh amháin: Leasú ar an Acht um Thairseach na Seirbhíse Gnó	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena leasaítear an tAcht um Thairseach na Seirbhíse Gnó; uasghrádú ar an mbonneagar TF ábhartha.	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Thairseach na Seirbhíse Gnó; rinneadh bonneagar bunúsach TF a rialáil agus a uasghrádú.	—	—	—	C3	2021	Tá leasú reachtach lena dtugtar isteach prionsabal na haonuaire ar an Acht um Thairseach na Seirbhíse Gnó tagtha i bhfeidhm. Tá uirlis suirbhé an Bhunachair Sonraí um Oibleagáid Faisnéise (IVDB) ar fáil ar bhonn píolótach. Leis an uirlis, soláthrófar forbhreathnú ar na sonraí uile atá ar fáil sa riarachán (léarscáil sonraí), rud a fhágfaidh gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar infhaighteacht sonraí ar fud na ranna. Tá an Líonra Clár agus Córas (RSV) ar fáil i mbunleagan le clárlanna nasctha eile

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										chun idir-inoibritheacht agus malartú sonraí a áirithiú.
57	2.C.1 Reachtaíocht atá beartaithe d'aon iarraidh amháin: Leasú ar an Acht um Thairseach na Seirbhíse Gnó	Garsprioc	Clárlanna a nascadh leis an Líonra Clár agus Córas (RSV), an Tairseach Aonair Dhigiteach (SDG) a ullmhú, tús a chur leis an mBunachar Sonraí um Oibleagáid Faisnéise (IVDB) ag Aireachtaí	Tá clárlanna nasctha chun críocha na Tairsí Aonair Digití (SDG). Bhí sé d'oibleagáid ar na haireachtaí an Bunachar Sonraí um Oibleagáid Faisnéise (IVDB) a líonadh isteach.	—	—	—	R4	2022	Tá an Rialachán maidir leis an mBunachar Sonraí um Oibleagáid Faisnéise (IVDB) i bhfeidhm, lena gcuirtear d'oibleagáid ar Aireachtaí an bunachar sonraí a líonadh le hoibleagáidí faisnéise a eascraíonn as dlíthe agus rialacháin atá ann cheana. Tá na cláir nasctha de réir an amchláir clárúcháin a ghlac an Coiste Stiúrtha 'Aonuaire'.
58	2.C.1 Reachtaíocht atá beartaithe d'aon iarraidh amháin: Leasú ar an Acht um Thairseach na	Garsprioc	Lena mbunaítear nasc an chórais theicniúil aonuaire	Comhlíonadh ceanglais na Tairsí Aonair Digití (SDGanna), a leagtar amach i Rialachán (AE)	—	—	—	R4	2023	Bunaíodh nasc an chórais theicniúil aonuaire, lena gcomhlíontar ceanglais na Tairsí Aonair Digití (SDG) a leagtar amach i

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	Seirbhíse Fiontair			2018/1724, mar a dheimhnítear le tuarascáil atá le seoladh chuig an gCoimisiún						Rialachán (AE) 2018/1724.
59	2.C.2 Riarachán poiblí an chiste don digitiú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh um an gCiste Digitithe	Foráil sa Ghníomh um an gCiste Digitithe lena léirítear a theacht i bhfeidhm	—	—	—	C2	2021	Tháinig an Gníomh um an gCiste don Digiteáil i bhfeidhm. Bunóidh sé an ciste um dhigitiú, agus é mar chuspóir aige dlús a chur le digitiú an riaracháin fheidearálaigh.
60	2.C.2 Riarachán poiblí an chiste don digitiú	Garsprioc	Tionscadail roghnaithe	Tionscadail a roghnú chun bonneagar digiteach nua-aimseartha a fhorbairt sa riarachán poiblí.	—	—	—	C2	2022	Roghnófar 95 thionscadal ar a laghad i réimse na ‘dtionscadal tras-rannach chun comhdhlúthú TF a chur chun feidhme sa rialtas feidearálach’ agus roghnófar 60 tionscadal ar a laghad i réimse na ‘dtionscadal a bhfuil tionchar tras-rannach acu ar fhorbairt seirbhísí saoránach agus gnó agus

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										tionscadal atá dírithe ar dhlús a chur le héifeachtúlacht nósanna imeachta agus í a fheabhsú' agus cuirfear cinntí roghnúcháin in iúl.
61	2.C.2 Riarachán poiblí an chiste don digitiú	Garsprioc	Tuarascálacha deiridh ar na tionscadail a cistíodh	Tuarascálacha deiridh a eisiúint maidir leis na tionscadail chistithe i ndáil le digitiú an riaracháin phoiblí				R4	2023	Is éard a bheidh sna tuarascálacha deiridh maidir leis na tionscadail arna gcistiú faoin gCiste Digitithe: arna n-eisiúint ag na ranna cur chun feidhme chuig Oifig an Tascfhórsa um Dhigitiú agus arna dtabhairt ar aird an Tascfhórsa um Dhigitiú, le hionadaithe ón tSeansailéireacht Chónaidhme, ón Aireacht Airgeadais agus ón Aireacht Ealaíon, Cultúir, Seirbhíse Poiblí agus Spóirt.

H. SUBCOMPONENT 2.D CLAOCHLÚ DIGITEACH AGUS ÉICEOLAÍOCH FIONTAR

Leis an bhfo-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le haistriú digiteach agus glas cuideachtaí a chothú.

Is é is aidhm don fho-chomhpháirt dlús a chur le digitiú agus claochlú éiceolaíoch chuideachtaí na hOstaire, go háirithe trí infheistíocht cuideachtaí sna réimsí tosaíochta sin a spreagadh.

Cuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha chun digitiú gnólachtaí a spreagadh (Moladh Tírshonrach 3 in 2019) agus chun infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, go háirithe ar an nuálaíocht, ar iompar inbhuanaithe, ar tháirgeadh agus ar úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: 2.D.1 Digitiú FBManna

Is é is aidhm don infheistíocht cabhrú le FBManna comhairle a fháil maidir le staid agus deiseanna an digitithe ina ngnó agus cabhrú leo a dtionscadail digitithe a dhearadh, a chur chun feidhme agus a mhéadú, chun leanúint de bheith iomaíoch sa mhargadh digitithe a bheidh ann amach anseo.

Is éard atá san infheistíocht dhá chlár tacaíochta KMU.DIGITAL agus KMU.E-Commerce. Cuirfidh KMU.DIGITAL tacaíocht chomhairleach agus tacaíocht cur chun feidhme araon ar fáil do thionscadail nithiúla digitithe. Is éard atá i gceist le tacaíocht chomhairleach comhairle phearsantaithe do FBManna Ostaracha ó chomhairleoirí deimhnithe maidir le ceithre thopaic: (i) samhlacha agus próisis ghnó (lena n-áirítear barrfheabhsú acmhainní), (ii) ríomhthráchtáil agus margaíocht ar líne, (iii) TF agus cibearshlándáil, agus (iv) riarachán digiteach. Le tacaíocht cur chun feidhme, cuirtear cistiú ar fáil chun na tionscadail digitithe a bhfuil tacaíocht chomhairleach curtha ar fáil ina leith a chur chun feidhme. Tacóidh KMU.E-Commerce le FBManna tionscadail nithiúla ríomhthráchtála a chur chun feidhme agus soláthróidh sé cistiú le haghaidh infheistíochtaí nua sa ríomhthráchtáil agus i seirbhísí gaolmhara ó sholáthraithe seachtracha ag ráta 20 % (suas le huasmhéid EUR 12000 in aghaidh an fhaighteora).

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht: 2.D.2 Infheistíochtaí digiteacha i bhfiontair

Is é is aidhm don infheistíocht infheistíochtaí cuideachtaí sa digitiú a spreagadh agus iad a dhíriú i dtreo réimsí tosaíochta réamhbhreathnaitheacha.

Is éard atá san infheistíocht préimh infheistíochta 14 % a dheonaítear do chuideachtaí le haghaidh infheistíochtaí i réimsí tosaíochta an digitithe. Deonófar tacaíocht d'infheistíochtaí nua inláimhsithe agus doláimhsithe i sócmhainní caipitil in-dímheasa cuideachtaí atá bunaithe go buan san Ostair. Trí na réimsí incháilithe a shonrú a dtabharfar tacaíocht dóibh leis an bpréimh infheistíochta, spreagfar leis an mbeart go háirithe infheistíochtaí i ndigiteáil samhlacha agus próiseas gnó, lena n-áirítear le haghaidh Thionscal 4.0 agus ríomhthráchtála, chomh maith le hinfheistíochtaí i mbearta TF agus cibearshlándála a thabhairt isteach nó a fheabhsú.

Leis an Acht um Préimheanna Infheistíochta agus leis na treoirlínte cistiúcháin faoi seach,[2] eisiatar infheistíochtaí a dhéanann dochar don aeráid amhail infheistíochtaí i dtrealamh nó i suiteálacha a úsáideann breoslaí iontaise go díreach, agus ag an am céanna sonraítear go mbeidh íocaíochtaí coinníollach ar fhianaise a chur isteach lena n-eisiatar tionchair dhiúltacha ar chuspóirí comhshaoil agus aeráide. Leasófar an tAcht um Préimheanna Infheistíochta chun an buiséad atá ar fáil le haghaidh tacaíochta a mhéadú agus cistí an phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht: 2.D.3 Infheistíochtaí glasa i bhfiontair

Is é is aidhm don infheistíocht infheistíochtaí cuideachtaí i nglasú a spreagadh.

Is éard atá san infheistíocht préimh infheistíochta 14 % a deonaíodh do chuideachtaí le haghaidh infheistíochtaí i réimsí tosaíochta an ghlasaithe (Ökologisierung).

[2] Förderungsrichtlinie ‘COVID-19-Investitionsprämie für Unternehmen’

H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
62	2.D.1 Digitiú FBManna	Garsprioc	Formheas agus foilsiú na dtreoirlínte agus na gconarthaí ábhartha le haghaidh KMU.DIGITAL 3.0	Formheas agus foilsiú na dtreoirlínte cistiúcháin agus tabhairt i gcrích na gconarthaí le Comhlachas Eacnamaíoch na hOstaire (WKÖ) agus leis an Ostair Wirtschaftsservice GmbH (AWS) le haghaidh KMU.DIGITAL 3.0	—	—	—	C1	2021	Tugadh na conarthaí ábhartha maidir le KMU.DIGITAL 3.0 i gcrích le WKÖ nó AWS agus formheasadh agus foilsíodh na treoirlínte cistiúcháin comhfhreagracha.
63	2.D.1 Digitiú FBManna	Garsprioc	Formheas agus foilsiú na dtreoirlínte agus na gconarthaí ábhartha le haghaidh KMU.E-Tráchtáil	Na treoirlínte cistiúcháin a fhormheas agus a fhoilsiú agus an conradh le AWS a thabhairt i gcrích	—	—	—	C1	2021	Tugadh an conradh ábhartha maidir le Ríomhthráchtáil KMU.E i gcrích le AWS agus formheasadh agus foilsíodh na treoirlínte cistiúcháin ábhartha.
64	2.D.1 Digitiú FBManna	Cuspóir sonrach	Tionscadail digitithe FBManna a chur i gcrích	—	Uimhir	0	15 300	R4	2023	Cuirfidh FBManna 15300 tionscadal digitithe ar a laghad i gcrích mar a thaifeadtar sa chóras

										tuairiscithe atá á reáchtáil ag WKÖ agus AWS
65	2.D.2 Infheistíochtaí digiteacha i bhfiontair	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Préimheanna Infheistíochta chun an méadú ar an mbuiséad mar thoradh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a léiriú	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Préimheanna Infheistíochta	—	—	—	C2	2021	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Préimheanna Infheistíochta lena bhforáiltear do mhéadú buiséid chun infhaighteacht chistí an phlean téarnaimh agus athléimneachta a léiriú chun tacú le hinfheistíochtaí digiteacha incháilithe ag cuideachtaí
67	2.D.2 Infheistíochtaí digiteacha i bhfiontair	Cuspóir sonrach	Infheistíochtaí digitithe in 7000 cuideachta ar a laghad faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta	—	Líon na gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht	0	7 000	R4	2022	Tacaíocht arna deonú do 7000 cuideachta ar a laghad as a n-infheistíochtaí digiteacha (amhail i gcrua-earraí, bogearraí, bonneagar digiteach agus ríomhthráchtáil).
68	2.D.3 Infheistíochtaí glasa i bhfiontair	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Préimheanna Infheistíochta chun an méadú ar an mbuiséad mar thoradh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a léiriú	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Préimheanna Infheistíochta	—	—	—	C2	2021	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Préimheanna Infheistíochta lena bhforáiltear do mhéadú buiséid chun infhaighteacht chistí an phlean téarnaimh agus athléimneachta a léiriú chun tacú le hinfheistíochtaí glasa ag cuideachtaí

69	2.D.3 Infheistíochtaí glasa i bhfiontair	Cuspóir sonrach	Infheistíochtaí sa leictrea-shoghluaisteacht	—	Líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha Líon na stáisiún luchtaithe	0 0	20 000 100	R4	2023	Ceannaíodh 20000 feithicil astaíochtaí nialasacha ar a laghad agus tá 100 stáisiún luchtaithe suiteáilte ag cuideachtaí
70a	2.D.3 Infheistíochtaí glasa i bhfiontair	Cuspóir sonrach	Infheistíochtaí i nglasú (Ökologisierung)		Líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht	0	13 500	C1	2025	D'eisigh an ghníomhaireacht cur chun feidhme (AWS) fógra faoi eisíocaíocht na ndeontas chun faighteoirí a dheonú le haghaidh 13500 tionscadal ar a laghad i gcatagóir an ghlasaithe (Ökologisierung), ar infheistíochtaí i ngrianfhuinneamh nó i stóráil fuinnimh iad 12000 díobh ar a laghad agus ar infheistíochtaí i dtionscadail ghaoithe iad 26 díobh. Tacóidh na tionscadail eile le héifeachtúlacht fuinnimh.

COMHPHÁIRT 3: TÉARNAMH EOLASBHUNAITHE

I. SUBCOMPONENT 3.A TAIGHDE

Leis an bhfo-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: beartas taighde, nuálaíochta agus teicneolaíochta a chothú san Ostair.

Is iad cuspóirí na fo-chomhpháirte an beartas taighde, nuálaíochta agus taighde san Ostair a neartú trí Straitéis Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta 2030 agus infheistíochtaí spriocdhírithe gaolmhara a fhorbairt. Ina theannta sin, meastar go bhfeabhsóidh na bearta seasamh idirnáisiúnta na hOstaire mar shuíomh nuálaíochta agus taighde.

Tacaíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le feabhas a chur ar infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht agus le feabhas a chur ar na torthaí nuálacha (Moltaí Tírshonracha 3 in 2019 agus 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 3.A.1 Straitéis Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta 2030 (Straitéis RTI 2030)

Is é is cuspóir don athchóiriú seo an creat a ullmhú don bheartas taighde, nuálaíochta agus teicneolaíochta san Ostair sna blianta amach romhainn.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú comhaontuithe feidhmíochta agus maoiniúcháin a thabhairt chun críche le hinstitiúidí lárnacha taighde, le gníomhaireachtaí cistiúcháin taighde, agus le hollscoileanna poiblí, chomh maith le foilsiú Chomhshocrú TTN 2027-2029.

Infheistíocht: 3.A.2 An Ostair Chandamach — Cur chun cinn na nEolaíochtaí Candamacha

Is é is cuspóir don infheistíocht seo taighde bunúsach agus ardtaighde claochlaitheach atá dírithe ar an todhchaí a éascú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht bonneagair thaighde agus comhar taighde a chistiú le haghaidh na ríomhaireachta candamaí, an ionsamhlúcháin agus na cumarsáide.

Infheistíocht: 3.A.3 Institiúid na hOstaire um Leigheas Beachtais

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo ionad beachtleighis a bhunú ar champas Ollscoil Leighis Vín.

Is éard atá san infheistíocht foirgneamh a thógáil don ionad taighde sin.

Infheistíocht: 3.A.4 Bonneagair Thaighde (Digiteacha)

Is é is cuspóir don bheart seo bonneagar taighde a fhorbairt go straitéiseach mar réimse tábhachtach gníomhaíochta de Straitéis Taighde, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na hOstaire (RTI) 2030.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tionscadail bhonneagair taighde (dhigiteacha) a mhaoiniú d'ollscoileanna na hOstaire.

I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
73	3.A.1 RTI-Straitéis 2030	Cuspóir sonrach	Comhaontuithe feidhmíochta agus maoiniúcháin a thabhairt chun críche	–	Feidhmíocht shínithe/ comhaontuithe maoiniúcháin	0	54	R4	2024	Síniú na 54 chomhaontú feidhmíochta agus maoinithe le hinstitiúidí lárnacha taighde, gníomhaireachtaí maoinithe taighde, agus ollscoileanna poiblí.
74	3.A.1 RTI-Straitéis 2030	Garsprioc	Foilsiú Chomhshocrú TTN 2027-2029	Foilsiú Chomhshocrú TTN 2027-2029	—	—	—	R4	2025	Foilsiú Chomhshocrú TTN 2027-2029 ag an Rialtas Cónaidhme, ina leagtar amach maoiniú na dtosaíochtaí taighde agus taighde agus nuálaíochta ar feadh tréimhse 3 bliana.
75	3.A.2 An Ostair Chandamach — Cur chun cinn na nEolaíochtaí Candamacha	Garsprioc	Glao ar léirithe spéise (BMBWF); Gníomhaireacht fhorghníomhaithe a shainaithint	Léirithe spéise a fháil.	—	—	—	R4	2021	Fuarthas gach léiriú spéise ó pháirtithe leasmhara na hearnála taighde, teicneolaíochta agus nuálaíochta agus ainmníodh an ghníomhaireacht réitigh (na gníomhaireachtaí).

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
76	3.A.2 An Ostair Chandamach — Cur chun cinn na nEolaíochtaí Candamacha	Garsprioc	Rialacháin leasaithigh	Táirgeadh na tuarascála eatramhaí	—	—	—	R4	2024	Dréachtaíonn na gníomhaireachtaí forghníomhaitheach an tuarascáil eatramhach bunaithe ar shonraí tionscadail. Léirítear sa tuarascáil eatramhach an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir leis na glaonna agus, i gcás inar féidir, maidir leis na tionscadail.
77	3.A.2 An Ostair Chandamach — Cur chun cinn na nEolaíochtaí Candamacha	Cuspóir sonrach	Síniú comhaontuithe feidhmíochta le hollscoileanna		Comhaontuithe feidhmíochta sínithe	0	4	C1	2026	Síniú comhaontuithe feidhmíochta le hollscoileanna, lena ndeimhnítear go ndéanfar na tionscadail a chistítear faoi chuimsiú chreat na hOstaire Candamaí a chomhtháthú i ngnáthoibríochtaí na n-ollscoileanna.
78	3.A.3 Institiúid na hOstaire um Leigheas Beachtais	Garsprioc	Formheas pleanála aireachta (BMBWF & BMF)	Formheas aireachta ón Aireacht Chónaidhme Oideachais, Eolaíochta agus Taighde (BMBWF) i	—	—	—	C2	2022	Formheas an tionscadail ag an Aireacht Eolaíochta agus Taighde Oideachais (BMBWF). Beidh an tionscadal san áireamh go comhuaineach i bPlean Bainistíochta Foirgneamh na hOstaire. Leagtar

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
				gcomhaontú leis an Aireacht Chónaidhme Airgeadais agus foilsiú pleanála formheasta laistigh de Chlár Foirgníochta na hOstaire						amach agus sonraítear sa Phlean na pleananna tógála poiblí uile d'ollscoileanna.
79	3.A.3 Institiúid na hOstaire um Leigheas Beachtais	Garsprioc	Tús le tógáil Institiúid an Leighis Beachtais	Formheas aireachta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na hAireachta chun tús a chur le gníomhaíochtaí tógála	—	—	—	R4	2023	Tá tús fisiciúil curtha leis na hoibreacha foirgníochta. Táthar ag súil go mbeidh ócáid searmanais nó preasa ann nuair a chuirfear tús leis an tógáil.
80	3.A.3 Institiúid na hOstaire um Leigheas Beachtais	Garsprioc	Réamhghlacadh leis an bhfoirgneamh	Réamhphrótacal glactha le haghaidh an fhoirgnimh don Institiúid um Leigheas Beachtais	—	—	—	C2	2026	Réamhphrótacal glactha le haghaidh an fhoirgnimh don Institiúid um Leigheas Beachtais arna shíniú ag Ollscoil Leighis Vín agus Ospidéal Ginearálta Vín.
81	3.A.4 Bonneagair Thaighde (Digiteacha)	Garsprioc	Cinntí dámhachtana maidir le deontais d'ollscoileanna	Cinntí dámhachtana á gcur in iúl ag an údarás dámhachtana	—	—	—	R4	2022	Déanfar cinntí dámhachtana maidir le tionscadail bonneagair dhigitigh a bheidh le déanamh ag ollscoileanna

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			a infheistíonn i mbonneagar taighde digiteach	agus ainmneacha na dtionscadal agus na n-ollscoileanna roghnaithe a fhoilsiú						a chur in iúl do na hollscoileanna. Foilseofar ainmneacha na dtionscadal agus na n-ollscoileanna roghnaithe ar shuíomh gréasáin na hAireachta.
83	3.A.4 Bonneagair Thaighde (Digiteacha)	Garsprioc	Tacaíocht eisíoctha le faighteoirí	Tacaíocht eisíoctha	—	—	—	R4	2025	EUR 30 milliún ar a laghad eisíoctha le hollscoileanna.

J. SUBCOMPONENT 3.B ATHSCILIÚ AGUS UAS-SCILIÚ

Is é is aidhm don fho-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo a leanas: daoine ar bheagán oiliúna a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, athsciliú agus uas-sciliú, ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo i margadh an tsaothair.

Is iad cuspóirí na fo-chomhpháirte feabhas a chur ar an leibhéal scileanna agus inniúlachta, go háirithe i gcás daoine ar bheagán oiliúna agus a ndeiseanna sa mhargadh saothair a mhéadú, go háirithe i gcás géarchéime agus i dtréimhse ina bhfuil gá le cáilíochtaí nua. Trí infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal daonna na ndaoine dífhostaithe, go háirithe dóibh siúd a bhfuil leibhéil ísle cáilíochtaí acu, meastar go méadófar a n-athléimneacht fhadtéarmach tríd an dóchúlacht go mbeidh dífhostaíocht ann amach anseo a laghdú.

Rannchuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le feabhas a chur ar thorthaí mhargadh an tsaothair ó dhaoine ar bheagán oiliúna (Moladh Sonrach Tíre 2 in 2019) agus leis na bearta is gá a dhéanamh chun na héifeachtaí diúltacha a eascraíonn as paindéim COVID-19 a laghdú (Moladh Sonrach Tíre 1 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 3.B.1 Bónas oideachais

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar na dreasachtaí agus ar na creatdálaí ábhartha do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach chun páirt a ghlacadh i seisiúin oiliúna nó cháilíochta eagraithe. Meastar go laghdóidh an t-athchóiriú an baol go bhfágfaidh rannpháirtithe na seisiúin sula dtabharfar chun críche iad. Is éard atá san athchóiriú 'breisiú' ar an sochar dífhostaíochta. Tá an íocaíocht bhreise bunaithe ar ráta seasta laethúil agus braitheann sí ar rannpháirtíocht i seisiún iomlán oiliúna agus cáilíochta a mhaireann 4 mhí ar a laghad.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2022.

Infheistíocht: 3.B.2 Athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn

Is é is cuspóir don infheistíocht seo feabhas a chur ar scileanna agus inniúlachtaí daoine dífhostaithe, go háirithe daoine ar bheagán oiliúna, chun iad a ullmhú do na dúshláin a bheidh ann amach anseo i margadh an tsaothair agus chun nach mbeidh siad chomh leochaileach céanna do thréimhsí dífhostaíochta amach anseo.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht bearta athscilithe agus uas-scilithe a mhaoiniú a bhaineann le cáilíochtaí bunúsacha, leictreonaic agus teicneolaíochtaí digiteacha, gairmeacha altranais, sóisialta agus cúraim, an comhshaol/inbhuanaitheacht, áiteanna oibre idirthréimhseacha atá dírithe ar thionscadail chomh maith le cóitseáil don aos óg. Díreofar an cistiú freisin ar mhodhanna oiliúna solúbtha a thairiscint agus díreofar ar thacaíocht a thabhairt do mhná.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2022.

J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
84	3.B.1 Bónas oideachais	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta um Árachas Dífhostaíochta agus foilsiú na dTreoirlínte Cistiúcháin ar shuíomh gréasáin na nAireachtaí	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Achta um Árachas Dífhostaíochta; foilsiú na dTreoirlínte Cistiúcháin ar shuíomh gréasáin na nAireachtaí	—	—	—	R4	2020	Tháinig an bunús dlí don bhónas oideachais (Roinn 20(7) den Acht um Árachas Dífhostaíochta (AlVG)) i bhfeidhm. Glacadh agus foilsíodh na treoirlínte cistiúcháin a ghabhann leis.
85	3.B.1 Bónas oideachais	Cuspóir sonrach	Bónais oideachais eisíoctha	—	Uimhir	0	40 000	R4	2021	Tá an bónas oideachais faighte ag 40000 duine ar a laghad
86	3.B.1 Bónas oideachais	Garsprioc	Beart bónais oideachais a ndearnadh meastóireacht air	Foilsiú na tuarascála meastóireachta	—	—	—	C1	2022	Sula rachaidh an bónas oideachais in éag, déanfar meastóireacht ar an mbeart, d'fhonn síneadh féideartha arna chistiú ag an mbuiséad náisiúnta a chur leis. Foilseofar an

										tuarascáil mheastóireachta ar shuíomh gréasáin na hAireachta atá freagrach
87	3.B.2 Athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn	Garsprioc	Na réamhchoinníollacha maidir le hathsciliú agus uas-sciliú a áirithiú	Bunaíodh an fhoráil bhuiséadach is gá i mí na Nollag 2020, faoi bhuiséad 2021 agus faoin ngníomh um an gcreat buiséadach feidearálach (BFRG)	—	—	—	R4	2020	Áiríodh an gníomh dlí lena gcumasaítear na bearta athscilithe agus uas-scilithe a chur chun feidhme sa chreatghníomh buiséadach a glacadh i mí na Nollag 2020.
88	3.B.2 Athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn	Garsprioc	Tuarascáil cur chun feidhme	Tuarascáil cur chun feidhme bunaithe ar thuarascálacha ráithiúla ar chur chun feidhme	—	—	—	C1	2022	Eiseoidh an Aireacht tuarascáil cur chun feidhme bunaithe ar thuarascálacha ráithiúla cur chun feidhme. Cuirfear faisnéis mhionsonraithe ar fáil sa tuarascáil maidir leis na bearta athscilithe agus uas-scilithe a rinneadh.
89	3.B.2 Athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn	Cuspóir sonrach	Daoine a bhaineann tairbhe as athsciliú agus uas-sciliú.	—	Uimhir	0	94 000	R4	2022	Déanfar 94000 duine ar a laghad a thaifeadadh mar dhaoine atá cláraithe i mbearta athscilithe agus uas-

										scilithe i gcóras Sheirbhís Fostaíochta Poiblí na hOstaire nó ag Seirbhís na hAireachta Sóisialta

K. SUBCOMPONENT 3.C OIDEACHAS

Le fo-chomhpháirt phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: cúiteamh spriocdhírithe ar easnaimh oideachais agus foghlama mar gheall ar ghéarchéim COVID-19 agus feabhas cainníochtúil agus cáilíochtúil ar an tairiscint oideachais bhunúsaigh.

Is é cuspóir na fo-chomhpháirte irochtain chomhionann ar oideachas a fheabhsú trí oideachas luath-óige a neartú, go háirithe do dhaltaí faoi bhun 3 bliana d'aois, agus trí thacaíocht bhreise do dhaltaí chun caillteanas foghlama le linn na paindéime a chúiteamh i gcomhthéacs athchóiriú lena leathnaítear rochtain ar oideachas.

Rannchuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach lena ndírítear ar leibhéil na mbunscileanna a ardú do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine a mbaineann cúlra imirceach leo (Moladh Sonrach Tír 2 in 2019), saoráidí cúraim leanaí a leathnú (Moladh Sonrach Tír 2 in 2019) agus comhdheiseanna san oideachas a áirithiú (Moladh Sonrach Tír 2 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

K.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 3.C.1 Rochtain mhéadaithe ar oideachas

Is é cuspóir an athchóirithe rochtain ar oideachas a mhéadú do ghrúpaí daltaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daltaí nach ionann teanga a n-úsáide laethúla agus teanga an teagaisc agus nár rugadh a gcúramóirí san Ostair.

Is éard atá san athchóiriú bearta lena bhforáiltear do rochtain daltaí ar na measúnuithe caighdeánaithe náisiúnta a mhéadú, agus do chritéir a bhunú chun cúlra socheacnamaíoch na ndaltaí a shonrú, a chuirtear i bhfeidhm chun acmhainní daonna a leithdháileadh ar scoileanna.

Infheistíocht: 3.C.2 Pacáiste oideachais feabhais

Is é cuspóir na hinfheistíochta na heasnaimh foghlama charntha agus na caillteanais fhéideartha san oideachas a chúiteamh, le linn na dtréimhsí fada cianfhoghlama, le linn Phaindéim COVID-19. Dírítear go háirithe ar dhaltaí faoi mhíbhuntáiste, chun aon mhéadú ar neamhionannais atá ann cheana i dtorthaí oideachais a sheachaint.

Is éard atá san infheistíocht pacáiste fairsing d'uaireanta foghlama breise agus beart tacaíochta aonair. D'fhéadfadh sé go ndearfaí na bearta tacaíochta sin ina n-aonar agus go solúbtha ag suíomh na scoile agus ba cheart go rachadh siad chun tairbhe do gach dalta. Dírítear go háirithe ar dhaltaí i ranganna na bliana deiridh agus ar dhaltaí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú: 3.C.3 Méadú ar an mbunoideachas

Is é is cuspóir don athchóiriú soláthar saoráidí cúraim leanaí a leathnú.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú ráta oideachais agus cúraim na luath-óige a mhéadú do dhaoine faoi bhun 3 bliana d'aois agus do dhaoine idir 3 bliana agus 6 bliana d'aois (i.e. 3 bliana, 4 bliana agus 5 bliana d'aois), agus an cóimheas foirne le leanaí a mhéadú.

K.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
90a	3.C.1 Rochtain mhéadaithe ar oideachas	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta leasaithe um Oideachas Scoile	Foráil san Acht lena léirítear teacht i bhfeidhm an Achta leasaithe um Oideachas Scoile	—	—	—	C1	2023	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an tAcht um Oideachas Scoile lena mbunaítear an creat dlíthiúil chun modúil bhreise de na measúnuithe caighdeánaithe náisiúnta 'Measúnú Inniúlachta Aonair PLUS' (iKMPLUS) a chruthú
90b	3.C.1 Rochtain mhéadaithe ar oideachas	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le modúil bhreise de na measúnuithe caighdeánaithe náisiúnta a chur chun feidhme	Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta	—	—	—	C2	2024	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena gcuirfear modúil bhreise na measúnuithe caighdeánaithe náisiúnta (iKMPLUS) chun feidhme. Cumasóidh na modúil bhreise tacaíocht spriocdhírithe do dhaltaí.
91a	3.C.1 Rochtain mhéadaithe ar oideachas	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le critéir a bhunú chun cúlra socheacnamaíoch daltaí a shonrú	Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta	—	—	—	R4	2025	Teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil lena mbunaítear critéir maidir le sonraíocht chúlra socheacnamaíoch na ndaltaí. Áireofar sna critéir sciar de dhaltaí nach ionann teanga a n-úsáide laethúla agus teanga an teagaisc agus nár rugadh a gcúramóirí san Ostair. Cuirfear na critéir i bhfeidhm maidir le hacmhainní daonna a leithdháileadh ar scoileanna.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
92	3.C.2 Pacáiste oideachais feabhais	Garsprioc	Bailchríoch a chur ar an bpacáiste oideachais feabhais agus tús a chur leis na bearta sna scoileanna	Pacáiste beart tacaíochta (pacáiste oideachais feabhais) a dhearadh, a fhormheas agus tús a chur lena chur chun feidhme faoi chuimsiú dhlí na scoile.	—	—	—	C2	2021	Tugtar an pacáiste oideachais feabhais chun críche lena n-áirítear leithdháileadh sonrach acmhainní agus is féidir leis na húdaráis oideachais réigiúnacha/ *Laender*(Bildungsdirektionen)é a chur chun feidhme. Díreofar an dearadh ar riachtanais shonracha suíomhanna scoile (úsáid acmhainní bunaithe ar riachtanais, go háirithe le haghaidh suíomhanna scoile ina bhfuil gá méadaithe le tacaíocht do dhaltaí, gá méadaithe le scileanna teanga nó dúshláin shocheacnamaíocha shonracha).
93	3.C.2 Pacáiste oideachais feabhais	Garsprioc	Tá na bearta tacaíochta le linn na scoilbhliana curtha i gcrích. Aicmí forlíontacha a sholáthar lena n-áirítear le linn laethanta saoire	Dearbhú achomair ón Aireacht Oideachais (BMBWF)	—	—	—	R4	2021	Cuireadh ceachtanna forlíontacha ar fáil lasmuigh d'uaireanta scoile, lena n-áirítear le linn laethanta saoire.
94	3.C.2 Pacáiste oideachais feabhais	Garsprioc	Meastóireacht ar an bpacáiste oideachais feabhais	Foilsítear meastóireacht ar an bpacáiste maidir le huaireanta feabhais agus tugtar forléargas	—	—	—	C1	2022	Foilseofar tuarascáil ghearr mheastóireachta ar shuíomh gréasáin na hAireachta. Áirítear leis maoirseacht ar thorthaí chuntais chríochnaitheacha an tionscadail oideachais feabhais agus cuimsítear leis freisin úsáid na n-uaireanta breise a chuirtear ar fáil.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
				inti ar líon na n-uaireanta seachtainiúla a tairgeadh						
95	3.C.3 Méadú ar an mbunoideachas	Garsprioc	Rátaí cúraim leanaí do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois	Rátaí cúraim leanaí do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois	—	—	—	C3	2025	Mar a léirítear leis na sonraí staidrimh arna bhfoilsiú ag Statistik An Ostair, is é 33 % ar a laghad an ráta cúraim leanaí do dhaoine faoi bhun 3 bliana d'aois.
96	3.C.3 Méadú ar an mbunoideachas	Garsprioc	Rátaí oideachais luath-óige do leanaí trí bliana d'aois, ceithre bliana d'aois agus cúig bliana d'aois atá comhoiriúnach le fostaíocht lánaimseartha tuismitheoirí	Rátaí oideachais luath-óige do leanaí idir 3 bliana agus 6 bliana d'aois (i.e. 3 bliana, 4 bliana agus 5 bliana d'aois)	—	—	—	C3	2025	Mar a léirítear leis na sonraí staidrimh arna bhfoilsiú ag Statistik An Ostair, is é 52.8 % ar a laghad an ráta oideachais luath-óige do leanaí idir 3 bliana agus 6 bliana d'aois (i.e. 3 bliana, 4 bliana agus 5 bliana d'aois) atá comhoiriúnach le fostaíocht lánaimseartha tuismitheoirí.

L. SUBCOMPONENT 3.D NUÁLAÍOCHT STRAITÉISEACH

Is é is aidhm don fho-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo a leanas: claochlú digiteach, slabhraí luacha straitéiseacha agus neamhspleáchas i dtáirgeadh leathsheoltóirí san Eoraip; claochlú fuinnimh, an geilleagar hidrigine a thógáil san Eoraip, dícharbónú na n-earnálacha dianfhuinnimh.

Is é is cuspóir don fho-chomhpháirt (i) neamhspleáchas na hEorpa i dtáirgeadh leathsheoltóirí a chur chun cinn agus seasamh na hOstaire sa réimse sin a neartú, agus (ii) tionscadail chomhtháite a chur chun cinn feadh an tslabhra luacha hidrigine, chun dlús a chur le claochlú fuinnimh agus dícharbónú earnálacha dianfhuinnimh.

Cuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha chun digitiú gnólachtaí agus an inbhuanaitheacht a spreagadh (Moladh Tírshonrach 3 in 2019) agus chun infheistíocht an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a dhíriú, go háirithe ar an nuálaíocht, ar iompar inbhuanaithe, ar tháirgeadh agus ar úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

L.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: 3.D.1 IPCEI Micrileictreonaic agus Nascacht

Is é cuspóir na hinfheistíochta uathriail straitéiseach oscailte na hEorpa a mhéadú trí thacú le réimsí laistigh d'earnáil na micrileictreonaice, chomh maith le réitigh atá níos tíosaí ar fhuinneamh a fhorbairt, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cuspóirí aeráide a bhaint amach.

Is éard atá san infheistíocht glao ar léiriú spéise, roghnú tionscadal, agus cistiú na dtionscadal formheasta i réimsí na micrileictreonaice agus na nascachta.

Infheistíocht: 3.D.2 Hidrigin IPCEI

Is é cuspóir na hinfheistíochta cuidiú le héiceachóras hidrigine náisiúnta agus Eorpach a thógáil a rannchuideoidh le cuspóirí aeráide na hOstaire agus an Aontais a bhaint amach.

Is éard atá san infheistíocht tionscadail a roghnú tar éis glao ar léiriú spéise agus tús na chéad chéime den chur in úsáid tionsclaíoch (FID).

L.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
97	3.D.1 IPCEI Micrileictreonaic agus nascacht	Garsprioc	Critéir incháilitheachta a bhaineann leis an aeráid arna mbunú i ndoiciméid an ghlao	Doiciméid ghlao ag a bhfuil critéir incháilitheachta lena n-áirithítear go léireofar laghdú suntasach ar astaíochtaí saolré GCT mar thoradh ar an ngníomhaíocht infheistíochta	—	—	—	R4	2021	Foilsítear doiciméid maidir leis an dara céim den ghlao ar léiriú spéise, lena n-áirítear critéir incháilitheachta a bhaineann leis an aeráid, lena gcuirfear d'oibleagáid ar thairbhithe féideartha gealltanas sainráite a thabhairt astaíochtaí GCT a laghdú laistigh dá bpunanna tionscadail agus meastachán a dhéanamh ar mhéid an choigiltis GCT. Thairis sin, beidh an tiomantas do laghduithe ar astaíochtaí ina phríomhthoisc i roghnú na dtionscadal laistigh den phróiseas giúiré ina dhiaidh sin.
98	3.D.1 IPCEI Micrileictreonaic agus nascacht	Garsprioc	Roghnú náisiúnta tionscadal chun tacú le forbairt teicneolaíochtaí nuálacha	Cuirfear an cinneadh roghnúcháin in iúl don Choimisiún Eorpach	—	—	—	R4	2021	Roghnaíodh tionscadail na hOstaire maidir le teicneolaíochtaí nuálacha micrileictreonaice agus nascachta a fhorbairt bunaithe ar mholtaí ó

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			micrileictreonaice agus nascachta							phainéal saineolaithe neamhspleách, tar éis an ghlao dhá chéim ar léiriú spéise
99	3.D.1 IPCEI Micrileictreonaic agus nascacht	Cuspóir sonrach	Tús curtha le 66 % ar a laghad de na tionscadail fhormheasta	—	céatadán	0	66	C2	2024	Tá tús curtha le 66 % ar a laghad de thionscadail fhormheasta na hOstaire
100	3.D.1 IPCEI Micrileictreonaic agus nascacht	Cuspóir sonrach	EUR 125000000 leithdháilte agus litreacha íocaíochta maidir le híocaíochtaí EUR 100000000 ar a laghad seolta	—	EUR (milliún)	0	125	C3	2026	EUR 125000000 ar a laghad leithdháilte ar thionscadail fhormheasta (lena n-áirítear speansais na gníomhaireachta cur chun feidhme). Litreacha íocaíochta a sheol *Austria Wirtschaftsservice Gesellschaft*nó *Österreichische Forschungsförderungsgesellschaft chuig* tionscadail maidir le híocaíochtaí dar luach EUR 100000000 ar a laghad.
101	3.D.2 Hidrigin IPCEI	Garsprioc	Roghnú náisiúnta tionscadal chun tacú le táirgeadh, stóráil agus feidhmeanna	Cuirfear an cinneadh roghnúcháin in iúl don Choimisiún Eorpach	—	—	—	C3	2021	Roghnaíodh tionscadail na hOstaire maidir le gníomhaíochtaí feadh an tslabhra luacha hidrigine, lena gcumhdaítear táirgeadh, stóráil agus feidhmeanna

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			hidrigine a fhorbairt							hidrigine bunaithe ar mholtaí ó phainéal saineolaithe neamhspleách, tar éis an ghlao dhá chéim ar léiriú spéise.
102	3.D.2 Hidrigin IPCEI	Cuspóir sonrach	Tús curtha le 66 % ar a laghad de na tionscadail fhormheasta	—	céatadán	0	66	C2	2024	Tá tús curtha le 66 % ar a laghad de thionscadail fhormheasta na hOstaire.
103b	3.D.2 Hidrigin IPCEI	Garsprioc	Cuireadh tús leis an gcéad chéim thionsclaíoch den chur in úsáid.	Tuarascáil Bhliantúil na mBallstát chuig an gCoimisiún Eorpach				C2	2026	Tá dhá thionscadal ar a laghad a bhfuil comhaontuithe cistiúcháin náisiúnta sínithe acu tar éis dul isteach sa chéad chéim den chur in úsáid tionsclaíoch.

COMHCHUID 4: TÉARNAMH CÓIR

M. SUBCOMPONENT 4.A SLÁINTE

Leis an bhfo-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin atá roimh earnáil cúraim sláinte na hOstaire, go háirithe úsáid neamhéifeachtúil acmhainní i gcúram tánaisteach.

Is é is cuspóir don fho-chomhpháirt athléimneacht na hearnála sláinte a chothú agus rochtain uilíoch, cúram ar ardchaighdeán agus seirbhísí inbhuanaithe á n-áirithiú ag an am céanna.

Is é is aidhm don athchóiriú feabhas a chur ar an inbhuanaitheacht agus ar an athléimneacht sa chúram sláinte tríd an tsláinte phoiblí agus an cúram sláinte príomhúil a neartú. Táthar ag súil go mbainfear na cuspóirí sin amach trí sholáthar méadaithe d'aonaid cúraim sláinte phríomhúil, rud a aistríonn an meáchan ó chúram ospidéil (Athchóiriú 4.A.1 agus Infheistíocht 4.A.2). Ina theannta sin, áirítear san fho-chomhpháirt freisin infheistíochtaí chun dlús a chur leis an digitiú laistigh den earnáil sláinte (4.A.3) agus chun cothroime shóisialta laistigh di a mhéadú (4.A.4). Ar an iomlán, leis an nuachóiriú atá beartaithe ar earnáil cúraim sláinte na hOstaire, meastar go soláthrófar rochtain ísealtairsí ar sheirbhísí cúraim sláinte agus leanúnachas cúraim, chomh maith leis an ualach ar acmhainneacht ospidéil a laghdú san fhadtéarma.

Cuireann an fho-chomhpháirt seo freisin le gníomhaíochtaí roimhe seo atá á gcur chun feidhme i ndáil le dlús a chur le haonaid cúraim sláinte phríomhúil (le tacaíocht ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta).

Cuidíonn an fho-chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha a rinneadh roimhe seo maidir le hinbhuanaitheacht an chórais cúraim sláinte a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 1 in 2019 agus Moladh Tírshonrach 1 in 2020), go háirithe i bhfianaise paindéime domhanda.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

M.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 4.A.1 Cúram sláinte príomhúil a fheabhsú

Is é is cuspóir don bheart seo tarraingteacht na ngairmeacha sláinte agus sóisialta i gcúram sláinte príomhúil a mhéadú agus comhar gairmiúil a chur chun cinn.

Is éard atá san athchóiriú ardán a bhunú maidir le cúram sláinte príomhúil agus tús a chur le clár luasaire an ghoradáin agus an aonaid cúraim sláinte phríomhúil.

Infheistíocht: 4.A.2 Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a chistiú

Is é cuspóir an bhirt aonaid cúraim sláinte phríomhúil san Ostair a leathnú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tionscadail a bhaineann le cúram sláinte príomhúil a mhaoiniú, lena n-áirítear aonaid nua cúraim sláinte phríomhúil.

Infheistíocht: 4.A.3 An t-ardán leictreonach 'pas tuismitheora-linbh' a fhorbairt

Is é is cuspóir don bheart seo clár scagthástála a reáchtáil chun fadhbanna sláinte a bhrath go luath le linn toirchis agus luath-óige.

Is éard atá san infheistíocht ardán leictreonach don phas tuismitheora-linbh.

Infheistíocht: 4.A.4 Cur i bhfeidhm náisiúnta na hidirghabhála luath-óige (Frühe Hilfen) le haghaidh mná torracha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, a leanaí óga agus a dteaghlaigh

Is iad cuspóirí an bhirt tacú le teaghlaigh atá i staideanna leochaileacha le linn na tréimhse toirchis agus ina dhiaidh sin. Is é is aidhm dó comhionannas sláinte agus cothroime shóisialta a chur chun cinn.

Is éard atá san infheistíocht idirghabhálacha coisctheacha le linn chéim na luath-óige trí bhearta tacaíochta atá ann cheana a fheabhsú agus a leathnú, líonraí réigiúnacha 'idirghabhála luath-óige' a bhunú agus comhar a bhunú i measc na n-institiúidí agus na seirbhísí ábhartha uile i réimse na luath-óige sna ceantair ('Bezirke'-eintiteas foréigiúnach na hOstaire) nach gcumhdaítear go fóill.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meán Fómhair 2024.

M.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
104	4.A.1 Cúram sláinte príomhúil a fheabhsú	Garsprioc	Ardán maidir le cúram sláinte príomhúil agus bearta gaolmhara	Tús an ardáin/an ghoradáin/an luasghéaraithe	—	—	—	R4	2022	bunófar an t-ardán maidir le cúram sláinte príomhúil go foirmiúil agus cuirfidh sé tús lena oibriú agus go mbeidh tús curtha leis an gclár luasaire don ghorlann agus don aonad cúraim sláinte phríomhúil.
105	4.A.1 Cúram sláinte príomhúil a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Imeachtaí cur chun cinn i gcomhthéacs an chláir ardáin/gorlainne	—	Líon na rannpháirtithe in imeachtaí	0	100	R4	2023	Glacfaidh 100 gairmí óg ar a laghad (amhail mic léinn, gairmithe cúraim sláinte agus gairmithe sóisialta) páirt in imeachtaí lena gcuirtear cúram sláinte príomhúil chun cinn, arna n-eagrú faoi chuimsiú an chláir ardáin/gorlainne.
107	4.A.2 Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a chistiú	Garsprioc	Treoirlínte cistiúcháin a ghlacadh agus a fhoilsiú le haghaidh tionscadail cúraim sláinte phríomhúil	Treoirlínte maoiniúcháin glactha agus foilsithe	—	—	—	R4	2021	Glacfar agus foilseofar na treoirlínte cistiúcháin do bhunú aonad cúraim sláinte phríomhúil nua agus do thionscadail le haghaidh cúram sláinte príomhúil atá ann cheana.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
108	4.A.2 Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a chistiú	Cuspóir sonrach	Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a mhaoiniú	—	Líon na dtionscadal a maoiníodh	0	45	R4	2023	Maoineofar 45 thionscadal ar a laghad a bhaineann le cúram sláinte príomhúil, agus beidh 15 cinn díobh ar a laghad comhdhéanta de bhunaíochtaí aonad cúraim sláinte phríomhúil nua (lárionaid agus líonraí — i gceantair thuaithe freisin).
110	4.A.2 Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a chistiú	Cuspóir sonrach	Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a mhaoiniú	—	Líon na gconarthaí cistiúcháin	45	155	C2	2025	Maoineofar 155 thionscadal ar a laghad a bhaineann le cúram sláinte príomhúil, agus beidh 45 díobh ar a laghad comhdhéanta d'aonaid cúraim sláinte phríomhúil nua (*Gründungsförderung*).
111	4.A.3 An t-ardán leictreonach 'pas tuismitheora-linbh' a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena sainítear an creat don 'phas tuismitheora-linbh' leictreonach	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí lena sainítear an creat don 'phas tuismitheora-linbh' leictreonach	—	—	—	C2	2023	Bunaithe ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara, tháinig an creat dlíthiúil chun an 'pas tuismitheora-linbh' a chur chun feidhme go leictreonach i bhfeidhm.
112	4.A.3 An t-ardán leictreonach 'pas tuismitheora-linbh' a fhorbairt	Garsprioc	Dámhachtain an chonartha ríomhchlárúcháin ardáin 'pas tuismitheora-linbh'	Foilsiú dhámhachtain an chonartha ríomhchlárúcháin ardáin 'pas	—	—	—	R4	2023	Déanfar an dámhachtain tar éis tairisceana chun an 'pas tuismitheora-linbh leictreonach' a chlársceidealú.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
				tuismitheora-linbh’						
113	4.A.3 An t-ardán leictreonach ‘pas tuismitheora-linbh’ a fhorbairt	Garsprioc	Iarratais atá ar fáil sa timpeallacht tástála	Iarratais atá ar fáil sa timpeallacht tástála				C2	2026	Maidir leis an bpas leictreonach tuismitheora-linbh, tá feidhmchlár gréasáin do sholáthraithe cúraim sláinte, feidhmchlár gréasáin do thuismitheoirí agus aip mhóibíleach do thuismitheoirí ar fáil i dtimpeallacht tástála.
114	4.A.4 Cur i bhfeidhm náisiúnta idirghabhálacha luath-óige (Früh*eHilfen) do*mhná torracha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, dá leanaí óga agus dá dteaghlaigh	Garsprioc	Na comhlachtaí cur chun feidhme a shainaithint agus a chur ar iontaoibh	Gníomh/Gníomhartha lena gcuirtear de chúram ar na comhlachtaí cur chun feidhme	—	—	—	R4	2022	Déanfar na comhlachtaí cur chun feidhme chun idirghabhálacha luath-óige a chur ar*bun (*Frühe Hilfen) do mhná torracha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, dá leanaí beaga agus dá dteaghlaigh a shainaithint agus a shannadh.
115	4.A.4 Cur i bhfeidhm náisiúnta idirghabhálacha luath-óige (Früh*eHilfen) do*mhná torracha	Cuspóir sonrach	Idirghabhálacha luath-óige a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta	—	céatadán an chur i bhfeidhm náisiúnta atá beartaithe	0	75 %	C3	2023	Cuirfear 75 % ar a laghad den rolladh amach náisiúnta atá beartaithe i gcrích.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, dá leanaí óga agus dá dteaghlaigh									
116	4.A.4 Cur i bhfeidhm náisiúnta idirghabhálacha luath-óige (Früh*e Hilfen) do*mhná torracha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, dá leanaí óga agus dá dteaghlaigh	Cuspóir sonrach	Idirghabhálacha luath-óige a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta	—	céatadán an chur i bhfeidhm náisiúnta atá beartaithe	0	100 %	C3	2024	Tá rolladh amach náisiúnta na n-idirghabhálacha luath-óige do mhná torracha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, dá leanaí óga agus dá dteaghlaigh tugtha chun críche agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán. Clúdófar gach ceantar.

N. SUBCOMPONENT 4.B BARDAIS ATHLÉIMNEACHA

Leis an bhfo-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: (i) lár bailte a athghníomhachtú, go háirithe i gceantair thuaithe, (ii) infheistíocht a thacaíonn leis an aistriú glas, (iii) seirbhísí cúraim ghairmiúil a sholáthar agus a leathnú de réir riachtanas.

Is iad seo a leanas cuspóirí na fo-chomhpháirte: (i) lár bailte a dhéanamh níos tarraingtí agus srianta soghluaisteachta a laghdú, trí ghnólachtaí a athlonnú; (II) athchóiriú teirmeach foirgneamh cuideachta agus bardais a mhaoiniú agus dreasachtaí breise a chur ar fáil do chórais téimh áitiúla agus ceantair i lár bailte/ceantair a bhreoslaítear le breoslaí iontaise roimhe seo; agus (iii) feabhas a chur ar an acmhainneacht seirbhísí spriocdhírithe a sholáthar agus ar athléimneacht an chórais cúraim fhadtéarmaigh san Ostair.

Tá dhá bheart athchóirithe san fho-chomhpháirt: (i) straitéis nua um chosaint ithreach agus (ii) athchóiriú chun soláthar cúraim a fhorbairt a thuilleadh. Tá dhá infheistíocht ann freisin: (i) tacaíocht don athrú aeráide i lár bailte agus (ii) an treoirthionscadal maidir le haltraí pobail.

Tugann an fho-chomhpháirt aghaidh ar na moltaí tírshonracha maidir le hinbhuanaitheacht a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 3 in 2019) agus feabhas a chur ar sholáthar agus inbhuanaitheacht an chórais cúraim fhadtéarmaigh (Moladh Tírshonrach 1 in 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

N.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 4.B.1 Straitéis um chosaint ithreach

Is é is cuspóir d'fhorbairt straitéise um chosaint ithreach creat a bhunú le haghaidh próisis aimsithe comhdhearcaidh agus comhordúcháin leis na comhlachtaí pleanála ábhartha uile (an leibhéal cónaidhme, *Laender* agus bardais) chun teacht ar chomhaontú maidir le treoir straitéiseach chun srian a chur le húsáid talún. Is é is aidhm dheiridh don straitéis um chosaint ithreach úsáid talún san Ostair a laghdú de réir a chéile go dtí glanmhéid 2.5 heicteár in aghaidh an lae go dtí 2030.

Is é an chéad chéim den athchóiriú na príomhghnéithe de straitéis cosanta ithreach na hOstaire agus treochlár chun í a chur chun feidhme a fhorbairt agus teacht ar chomhaontú ina leith. Déanfaidh na gníomhaithe institiúideacha ábhartha uile (leibhéal cónaidhme, *Laender*, bardais) iad a fhorbairt agus comhaontófar iad faoi chuimsiú Chomhdháil na hOstaire maidir le Pleanáil Spásúil (*Oesterreichische Raumordnungskonferenz*). Is iad na príomhghnéithe chun an straitéis cur chun feidhme a fhorbairt garspriocanna nithiúla a shainiú agus an comhaontú maidir le córas faireacháin táscaire-bhunaithe. Chomh maith leis an gcuspóir foriomlán (úsáid talún a laghdú go 2.5 heicteár in aghaidh an lae), cinnfear spriocanna agus garspriocanna inchainníochtaithe breise, bunaithe ar chaibidlíocht idir an Laender faoi chuimsiú Chomhdháil na hOstaire maidir le Pleanáil Spásúil. Ag deireadh chur chun feidhme an athchóirithe, glacfar straitéis chainníochtúil cosanta ithreach na hOstaire, lena n-áirítear an cuspóir foriomlán maidir le húsáid talún san Ostair a laghdú go dtí glanmhéid 2.5 heicteár in aghaidh an lae go dtí 2030.

Tiocfaidh an beart i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú: 4.B.2 Athchóiriú chun soláthar cúraim a fhorbairt a thuilleadh

Is é is cuspóir don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar dhúshláin in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh. Mar gheall ar na dúshláin atá ag dul i méid i réimse an chúraim fhadtéarmaigh, tá sprioc leagtha síos ag an rialtas feidearálach athchóiriú bunúsach a chur chun feidhme chun soláthar cúraim a fhorbairt a thuilleadh. I gcomhar leis an *Laender*, díreofar ar dhaoine a bhfuil cúram de dhíth orthu agus ar a ngaolta agus ar a gcúramóirí.

Is éard atá san athchóiriú roinnt réamhbheart le haghaidh athchóiriú ar chúram fadtéarmach a thosóidh in 2024, laistigh den chéad tréimhse eile den Acht Idir-Rialtasach um Chaidreamh Fioscach. Sa tuarascáil ó Task Force Care, ina bhfuil saineolaithe ó gach leibhéal rialtais agus páirtithe leasmhara seachtracha, sainíodh na cuspóirí chun an córas cúraim atá ann cheana a fhorbairt. Bunaithe ar an tuarascáil sin, mar thoradh ar chainteanna idir an rialtas feidearálach, stáit, cathracha agus bardais, beidh cuir chuige choiteanna agus tionscadail athchóirithe ann, faoi chuimsiú an rialachais atá bunaithe ar*spriocanna cúraim fhadtéarmaigh ('Zielsteuerung Pflege'*), mar chuid den ullmhúchán d'athchóiriú ar sholáthar cúraim fhadtéarmaigh i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir leis an gcreat fioscach. Léireofar príomhphrionsabail an athchóirithe ar chúram fadtéarmach agus roinnt na bhfreagrachtaí idir an leibhéal feidearálach, na *Laender* agus na bardais san Acht um Chaidreamh Fioscach Idir-Rialtasach don chéad tréimhse eile (ag tosú in 2024).

Meastar go gcuirfear tús le cur chun feidhme an athchóirithe faoin 30 Meán Fómhair 2021 agus tabharfar chun críche é faoin 31 Márta 2024. Féadfar athruithe ar sholáthar cúraim fhadtéarmaigh ar an láthair a chur i bhfeidhm tar éis 2024.

Infheistíocht: 4.B.3 Infheistíocht i lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid

Is é cuspóir na hinfheistíochta tarraingteacht lár bailte a mhéadú, go háirithe i gceantair thuaithe.

Is éard atá san infheistíocht athchóiriú teirmeach ar fhoirgnimh tráchtála agus chomhchoiteanna i lár bailte, nascadh le téamh ceantair ardéifeachtúlachta agus athchúrsáil talún athfhorbraíochta.

Infheistíocht: 4.B.4 Infheistíocht i gcur chun feidhme altraí pobail

Is é is cuspóir do bhunú an altranais pobail san Ostair rannchuidiú go mór le cúram áitiúil, ísealtairsí agus bunaithe ar riachtanais; is daoine teagmhála lárnacha iad altraí pobail a chomhordaíonn seirbhísí éagsúla (amhail teiripí agus seirbhísí sóisialta) agus a bhfuil ról lárnach acu i réimse an choisc.

Is éard atá san infheistíocht líonra altraí pobail atá gar dá n-othair a bhunú. Is altraí cáilithe iad altraí pobail a bhfuil dhá bhliain ar a laghad de thaithí ghairmiúil acu. Is fearr go bhfostófar altraí pobail a bhfuil cáilíocht iomchuí bhreise acu (amhail cúrsaí maidir le haltranas pobail, altranas sláinte teaghlaigh, altranas sláinte poiblí). Le linn an tionscadail, postálfar 150 altra pobail ar fud na tíre mar chuid den treoirthionscadal faoi chuimsiú conarthaí fostaíochta ar théarma seasta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2024.

N.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
117	4.B.1 Straitéis um chosaint ithreach	Garsprioc	Treochlár a ghlacadh do straitéis cosanta ithreach na hOstaire	Foilsiú an Treochláir a glacadh	—	—	—	R4	2021	Glacfar na príomhghnéithe agus an treochlár don straitéis um chosaint ithreach. Is iad na príomhghnéithe d'fhorbairt na straitéise don chur chun feidhme garspriocanna nithiúla a shainiú, an comhaontú maidir le córas faireacháin táscaire-bhunaithe. Chomh maith leis an gcuspóir foriomlán (úsáid talún a laghdú go 2.5 heicteár in aghaidh an lae), cinnfear spriocanna agus garspriocanna inchainníochtaithe breise, bunaithe ar chaibidlíocht idir an *Laender* faoi chuimsiú Chomhdháil pholaitiúil na hOstaire maidir le Pleanáil Spásúil (*Oesterreichische Raumordnungskonferenz*).
118	4.B.1 Straitéis um chosaint ithreach	Garsprioc	Glacadh straitéis chainníochtúil na hOstaire um chosaint ithreach	Foilsiú na straitéise Ithreach a glacadh	—	—	—	R4	2022	Glacfar an straitéis chainníochtúil um chosaint ithreach. Áireofar ann an cuspóir foriomlán maidir le húsáid talún san Ostair a laghdú go dtí glanmhéid 2.5

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										heicteár in aghaidh an lae go dtí 2030.
119	4.B.2 Athchóiriú chun soláthar cúraim a fhorbairt a thuilleadh	Garsprioc	Treoirthionscadail maidir le haltraí pobail mar ghné den athchóiriú ar sholáthar cúraim,	Seoladh na samhla altranais pobail mar chuid den athchóiriú ar sholáthar cúraim	—	—	—	C3	2021	Ag tús an phróisis athchóirithe, cuirfear an treoirthionscadal 'altraí pobail' chun feidhme mar threoirthionscadal don athchóiriú. Bunaithe ar an treoirthionscadal sin, forbrófar samhail choiteann maidir le feidhmiú céimneach náisiúnta an bhirt sin faoi chuimsiú an athchóirithe chun soláthar cúraim a fhorbairt a thuilleadh.
120	4.B.2 Athchóiriú chun soláthar cúraim a fhorbairt a thuilleadh	Garsprioc	Bunaítear prionsabail chun rialachas atá bunaithe ar spriocanna cúraim fhadtéarmaigh (*Ziel-steuerung Pflege) a*chur chun feidhme	Na prionsabail a fhoilsiú	—	—	—	R4	2022	Ghlac comhpháirtithe na caibidlíochta maidir leis an gcreat fioscach (an leibhéal cónaidhme, *Laender* and Municipalities) na prionsabail maidir le rialachas atá bunaithe ar sprioc an chúraim fhadtéarmaigh agus foilsíodh iad.
121	4.B.2 Athchóiriú chun soláthar cúraim a fhorbairt a thuilleadh	Garsprioc	Tús a chur le cur chun feidhme phríomhghnéithe an athchóirithe ar sholáthar	Foilsítear an tAcht um Chaidreamh Fioscach Idir-rialtasach don tréimhse dar tús 2024 i	—	—	—	C1	2024	Léireofar príomhghnéithe an athchóirithe ar chúram fadtéarmach san Acht Idir-Rialtasach um Chaidreamh Fioscach (Finanzausgleichsgesetz), a bheidh tagtha i bhfeidhm.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			cúraim fhadtéarmaigh	gcóras faisnéise dlí na hOstaire						
122	4.B.3 Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid	Garsprioc	Glacadh na dtreoirlínte cistiúcháin le haghaidh na gceithre réimse idirghabhála	Treoirlínte maoiniúcháin foilsithe	—	—	—	C3	2021	Glacadh na treoirlínte cistiúcháin maidir le hathchóiriú foirgneamh i lár bailte. Is iad seo a leanas na tionscadail incháilithe: (i) athchóiriú teirmeach ar fhoirgnimh tráchtála agus chomhchoiteanna, (ii) tionscadail um ghlasú aghaidheanna, (iii) foirgnimh a nascadh le téamh ceantair ardéifeachtúlachta, agus (iv) talamh athfhorbraíochta a athchúrsáil.
123	4.B.3 Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid	Cuspóir sonrach	Tionscadail athchóirithe theirmigh curtha i gcrích	—	Líon na dtionscadal athchóirithe theirmigh	0	34	R4	2023	Tá 34 thionscadal athchóirithe theirmigh ar a laghad de chuid cuideachtaí agus/nó bardas i lár bailte curtha i gcrích.
127	4.B.3 Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid	Cuspóir sonrach	Tionscadail maidir leis an nasc le téamh ceantair ardéifeachtúlachta curtha i gcrích	—	Líon na dtionscadal chun nascadh le téamh ceantair ardéifeachtúlachta	0	375	R4	2023	375 thionscadal ar a laghad le haghaidh an naisc le téamh ceantair ardéifeachtúlachta curtha i gcrích.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
129	4.B.3 Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid	Cuspóir sonrach	Tionscadail talún athfhorbraíochta curtha i gcrích	—	Líon na n-athchúrsálacha ar thionscadail talún athfhorbraíochta	0	30	R4	2023	Tá 30 tionscadal ar a laghad maidir le hathchúrsáil talún athfhorbraíochta curtha i gcrích.
130	4.B.3 Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid	Cuspóir sonrach	Tionscadail talún athfhorbraíochta	—	Líon na n-athchúrsálacha ar thionscadail talún athfhorbraíochta	30	60	C2	2026	Eisíodh litreacha íocaíochta le haghaidh 60 tionscadal talún athfhorbraíochta a athchúrsáil.
131	4.B.4 Infheistíocht i gcur chun feidhme Altranais Pobail	Cuspóir sonrach	Tús le hobair altraí pobail	—	Líon na n-altraí pobail nua a thosaigh ag obair	0	50	C3	2021	Thosaigh 50 altra pobail ar a laghad ag obair.
132	4.B.4 Infheistíocht i gcur chun feidhme Altranais Pobail	Garsprioc	Meastóireacht idirthréimhseach	Tuarascáil eatramhach mheastóireachta déanta				R4	2022	Tuarascáil eatramhach mheastóireachta agus moltaí le haghaidh cur chuige breise ó mheastóirí seachtracha
133	4.B.4 Infheistíocht i gcur chun feidhme Altranais Pobail	Cuspóir sonrach	150 altra pobail atá gníomhach ar an leibhéal náisiúnta	—	Líon na n-altraí pobail nua atá gníomhach ar an leibhéal náisiúnta.	50	150	R4	2024	Tá 150 altra pobail ar a laghad gníomhach ar an leibhéal náisiúnta. Cumhdaítear sa mheastóireacht deiridh feidhmíocht gach ceann de na 150 AC

O. SUBCOMPONENT 4.C EALAÍONA AGUS CULTÚR

Leis an bhfo-chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach sna healaíona agus sa chultúr.

Is iad cuspóirí na fo-chomhpháirte dreasachtaí a leagan síos d'earnáil chultúrtha atá níos inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta de agus dlús a chur le hathrú struchtúrach digiteach na hearnála, agus béim ar leith á leagan ar dhigitiú na hoidhreachta cultúrtha.

Tugann an fho-chomhpháirt aghaidh ar mholtaí tírshonracha a bhaineann le hinbhuanaitheacht éiceolaíoch an gheilleagair (Moladh Tírshonrach 3 in 2019) agus le hinfheistíocht san aistriú digiteach (Moladh Tírshonrach 3 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

O.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 4.C.1 Clár cultúir foirgníochta a fhorbairt

Is é is cuspóir don athchóiriú creat a bhunú le haghaidh '*Bukultur'* ina gcomhcheanglaítear ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta agus gnéithe sóisialta, éiceolaíocha, eacnamaíocha agus cultúrtha á gcur san áireamh. Is é an aidhm atá ann feasacht a mhúscailt maidir leis an gcultúr a thógáil agus gnéithe den aistriú glas a chomhtháthú sa réimse sin.

Is éard atá san athchóiriú go príomha an 'Ceathrú Tuarascáil maidir le Cultúr Foirgníochta na hOstaire', arb é is aidhm di bunús a leagan síos d'athchóiriú an chultúir tógála san Ostair do na blianta atá le teacht agus bearta nithiúla a leagan amach do chlár cultúir tógála. Leis an athchóiriú, cruthófar creatdálaí dlíthiúla, airgeadais agus struchtúracha níos fearr d'fhoirgnimh ardcháilíochta. Tá ról ríthábhachtach ag an gcumas nascadh le ceanglais Eorpacha.

Meastar go dtabharfar an t-athchóiriú cur chun feidhme chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Athchóiriú: 4.C.2 Straitéis náisiúnta digitithe a fhorbairt don oidhreacht chultúrtha

Is é is cuspóir don athchóiriú digitiú sna healaíona agus sa chultúr a leathnú agus claochlú digiteach earnáil na healaíne agus an chultúir a chur chun cinn. Is é is aidhm dó feabhas a chur ar infheictheacht nithe cultúrtha agus ar líonrú idir institiúidí cultúrtha.

Is éard atá san athchóiriú straitéis náisiúnta a fhorbairt agus a fhoilsiú chun an oidhreacht chultúrtha a dhigitiú. Beidh sé d'aidhm ag an straitéis sin claochlú digiteach breise earnáil na healaíne agus an chultúir a chur chun cinn san Ostair. Cuirfidh sé digitiú na hoidhreachta cultúrtha chun cinn, amhail bailiúcháin agus fardal na n-institiúidí cultúrtha. Áireofar sa phróiseas straitéise tús-imeacht poiblí, ceardlanna, agus tacaíocht ghréasánbhunaithe sna *Laender*. Is é an toradh a bheidh ar an bpróiseas doiciméad straitéise a fhoilsiú. Is í an straitéis an creat freisin le haghaidh na n-infheistíochtaí sa digitiú a áirítear san fho-chomhpháirt sin.

Táthar ag súil go dtabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2023.

Infheistíocht: 4.C.3 Athchóiriú Volkskundemuseum Wien agus Prater Ateliers

Is é cuspóir na hinfheistíochta an meascán de chultúr na bhfoirgneamh beo agus cosaint séadchomharthaí atá comhfhiosach ó thaobh an chomhshaoil de a léiriú ar bhonn tionscadail athchóirithe roghnaithe.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht athchóiriú a dhéanamh ar Prater Ateliers agus Volkskundemuseum Wien.

Infheistíocht: 4.C.4 Oidhreacht chultúrtha an rabharta digitithe

Is é cuspóir na hinfheistíochta rabharta mór digitithe a sheoladh in institiúidí cultúrtha.

Is éard atá san infheistíocht nuashonrú ar an ardán ‘Kulturpool’ agus clár digitithe réad cultúrtha agus ealaíne.

Infheistíocht 4.C.5 Ciste infheistíochta le haghaidh gnólachtaí cultúrtha atá neamhdhíobhálach don aeráid

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le hinstitiúidí cultúrtha infheistíocht a dhéanamh i ndearadh níos éiceolaíche a struchtúr.

Is éard atá san infheistíocht maoiniú d’institiúidí cultúrtha.

O.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
134	4.C.1 Clár cultúir foirgníochta a fhorbairt	Garsprioc	An Ceathrú Tuarascáil maidir leis an gCultúr Foirgníochta	Foilsíodh an tuarascáil maidir leis an gcultúr tógála	—	—	—	C3	2021	Foilsíodh an ceathrú tuarascáil maidir leis an gcultúr tógála. Leagfar amach ann an clár oibre le haghaidh athchóiriú ar an gcultúr tógála san Ostair do na blianta atá le teacht agus leagfar amach ann bearta nithiúla le haghaidh clár cultúir tógála.
135	4.C.2 Straitéis náisiúnta digitithe a fhorbairt don oidhreacht chultúrtha	Garsprioc	Seoladh an phróisis comhairliúcháin maidir le straitéis chun an oidhreacht chultúrtha a dhigitiú	Foilsiú an phróisis comhairliúcháin, lena n-áirítear seoladh an tsuirbhé ar líne	—	—	—	C1	2022	Seoladh an próiseas comhairliúcháin. Déanfar an comhairliúchán trí shuirbhé ar líne agus trí cheardlanna sonracha le páirtithe leasmhara ábhartha (amhail músaeim, institiúidí oideachais, leabharlanna).
136	4.C.2 Straitéis náisiúnta digitithe a fhorbairt don oidhreacht chultúrtha	Garsprioc	Foilsiú na straitéise maidir le digitiú na hoidhreachta cultúrtha ag an Aireacht Cultúir (BMKOES)	Foilsítear an straitéis	—	—	—	C1	2023	Agus torthaí an phróisis comhairliúcháin á gcur san áireamh, foilsíodh an straitéis um dhigitiú.
137	4.C.3 Athchóiriú Volkskundemuseum	Garsprioc	Staidéir indéantachta do Volkskundemuseum	Staidéir indéantachta foilsithe	—	—	—	R4	2021	Tá staidéir indéantachta don dá thionscadal athchóirithe curtha i gcrích agus ar fáil.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	Wien agus Prater Ateliers		Wien agus Prater Ateliers							Áireofar leo bailiúchán de shonraí tagartha geografacha, an mhaoin agus na foirgnimh a thomhas, tuarascálacha bunúsacha a ullmhú agus cosaint séadchomharthaí agus éifeachtúlacht fuinnimh á gcur san áireamh, chomh maith le bord comhairleach pleanála a cheapadh do thacaíocht chultúr na bhfoirgneamh do na tionscadail athchóirithe
138	4.C.3 Athchóiriú Volkskundemuseum Wien agus Prater Ateliers	Garsprioc	Athchóiriú ar na Prater Ateliers	Deimhniú aistrithe	—	—	—	C2	2025	Deimhniú aistrithe arna shíniú ag an Aireacht Chónaidhme Ealaíon, Cultúir, Státseirbhíse agus Spóirt maidir le hathchóiriú Prater Ateliers. Rannchuideoidh an t-athchóiriú le héifeachtúlacht fuinnimh an fhoirgnimh a mhéadú.
139	4.C.3 Athchóiriú Volkskundemuseum Wien agus Prater Ateliers	Garsprioc	Athchóiriú an Volkskundemuseum	Deimhniú aistrithe	—	—	—	C2	2026	Deimhniú aistrithe arna shíniú ag an Aireacht Chónaidhme Tithíochta, Ealaíon, Cultúir, Meán agus Spóirt maidir le hathchóiriú Volkskundemuseum. Rannchuideoidh an t-athchóiriú le héifeachtúlacht

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										fuinnimh an fhoirgnimh a mhéadú.
140	4.C.4 Oidhreacht chultúrtha an rabharta digitithe	Garsprioc	‘*Kulturpool Neu*’ — ardán gréasánbhunaithe um chomhiomlánú sonraí ó institiúidí oidhreachta cultúrtha éagsúla	An t-ardán ‘Kulturpool *Neu’ a*fhoilsiú agus a sheoladh	—	—	—	C1	2023	Seoladh an*t-ardán ‘Kulturpool Neu*’ le dearadh nua comhaimseartha. Feidhmeoidh sé mar ardán lárnach a chumascann na sonraí ó institiúidí éagsúla oidhreachta cultúrtha agus a chuireann ar fáil go digiteach don phobal iad.
141	4.C.4 Oidhreacht chultúrtha an rabharta ‘Digiteáil’	Cuspóir sonrach	Clár digitithe na réad cultúrtha agus ealaíne	—	Uimhir	0	400 000	R4	2024	Rinneadh 400000 réad cultúrtha agus ealaíne ar a laghad a dhigitiú (lena n-áirítear 300 scannán analógach agus 15 000 réad 3T)
142	4.C.4 Oidhreacht chultúrtha an rabharta digitithe	Cuspóir sonrach	Clár digitithe na réad cultúrtha agus ealaíne	—	Uimhir	400 000	600 000	R4	2025	Rinneadh 600000 réad cultúrtha agus ealaíne ar a laghad a dhigitiú.
143	4.C.5 Ciste infheistíochta do ghnólachtaí cultúrtha atá neamhdhíobhálach don aeráid	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin lena mbunaítear an ciste infheistíochta	Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin lena mbunaítear an ciste infheistíochta.	—	—	—	R4	2021	Le teacht i bhfeidhm treoirlínte cistiúcháin lena mbunaítear an ciste infheistíochta do ghnólachtaí cultúrtha atá neamhdhíobhálach don aeráid, cruthaíodh an bunús dlí chun léirithe spéise a sheoladh. Tabharfar sainordú don chiste infheistíocht a dhéanamh sna

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										réimsí seo a leanas: foinsí fuinnimh in-athnuaite (amhail fótavoltachas, teaschaidéil nó bithmhais); bearta coigilte fuinnimh (amhail barrfheabhsú téimh nó optamú soilsithe); an geilleagar ciorclach (amhail tomhaltas amhábhar a laghdú); bearta oiriúnaithe don athrú aeráide (amhail aghaidheanna glasa le haghaidh fuaraithe)
144	4.C.5 Ciste infheistíochta do ghnólachtaí cultúrtha atá neamhdhíobhálach don aeráid	Garsprioc	An chéad ghlao ar léirithe spéise	Foilsíodh an chéad ghlao ar léirithe spéise	—	—	—	C2	2022	Foilsíodh an glao ar léirithe spéise. Féadfaidh iarratasóirí féideartha rochtain a fháil ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis uile is gá. Is féidir iarratais a dhéanamh ar líne.
145	4.C.5 Ciste infheistíochta do ghnólachtaí cultúrtha atá neamhdhíobhálach don aeráid	Garsprioc	Méid airgeadais an chiste infheistíochta a ghealladh	Foilsiú liosta na dtionscadal roghnaithe	—	—	—	C3	2025	Tá méid airgeadais an chiste infheistíochta geallta.

P. SUBCOMPONENT 4.D ATHLÉIMNEACHT TRÍ ATHCHÓIRITHE

Leis an bhfo-chomhpháirt atá ann faoi láthair, cuimsítear athchóirithe lárnacha lena méadófar athléimneacht na hOstaire sna blianta amach romhainn. Comhlánaíonn na bearta athchóirithe na bearta athchóirithe agus infheistíochta a áirítear sna fo-chomhpháirteanna éagsúla agus áirítear leo freisin athchóirithe breise chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha agus chun creatdálaí a sholáthar do réimsí áirithe.

Tá an rannchuidiú le dúshláin na moltaí tírshonracha agus cuspóirí na n-athchóirithe san áireamh thíos le haghaidh gach birt athchóirithe.

4.D.1: Rannchuidíonn an t-athchóiriú le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach a bhaineann le caidreamh fioscach agus freagrachtaí fioscacha a shimpliú agus a chuíchóiriú ar fud sraitheanna rialtais agus freagrachtaí maoiniúcháin agus caiteachais a ailíniú (Moladh Tírshonrach 1 in 2019).

4.D.2: Rannchuidíonn an t-athchóiriú le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht chóras na bpinsean (Moladh Tírshonrach 1 in 2019).

4.D.3: Rannchuidíonn an t-athchóiriú le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht chóras na bpinsean (Moladh Tírshonrach 1 in 2019).

4.D.4: Rannchuidíonn an t-athchóiriú le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach a bhaineann leis na spriocanna aeráide a bhaint amach agus le claochlú na hOstaire go geilleagar aeráidneodrach (Moladh Sonrach Tír 3 in 2020).

4.D.5: Cuidíonn an t-athchóiriú le haghaidh a thabhairt ar an Moladh tírshonrach a bhaineann leis an meascán cánach a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos tacúla don fhás cuimsitheach inbhuanaithe (Moladh Sonrach Tír 4 in 2020).

4.D.6: Rannchuidíonn an t-athchóiriú le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach a bhaineann leis an ngá atá le hinfheistíocht phríobháideach shuntasach is gá chun aistriú na hOstaire chuig geilleagar aeráidneodrach (Moladh Sonrach Tír 3 in 2020).

4.D.7: Rannchuidíonn an t-athchóiriú le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach a bhaineann le torthaí oideachais a fheabhsú san Ostair (Moladh Tírshonrach 2 in 2020).

4.D.8: Cuidíonn an t-athchóiriú le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach a bhaineann le fás cuideachtaí a spreagadh agus bacainní rialála in earnáil na seirbhísí a laghdú (Moladh Tírshonrach 3 in 2019).

4.D.9: Cuidíonn an t-athchóiriú le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach a bhaineann le fás cuideachtaí a spreagadh agus bacainní rialála in earnáil na seirbhísí a laghdú (Moladh Sonrach Tír 3 in 2019).

4.D.10: Cuidíonn an t-athchóiriú le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach a bhaineann le borradh a chur faoi thorthaí mhargadh an tsaothair do dhaoine ar bheagán oiliúna i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta (Moladh Sonrach Tír 2 in 2019).

4.D.11: Rannchuidíonn na hathchóirithe le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí tírshonracha a bhaineann le bacainní rialála in earnáil na seirbhísí a laghdú (Moladh Sonrach Tír 3 in 2019) agus leis an ualach riaracháin agus rialála a laghdú (Moladh Sonrach Tír 3 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart san fho-chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

P.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach

Is é is cuspóir don athchóiriú athbhreithnithe caiteachais a dhéanamh ar chaiteachas poiblí a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

Is éard atá san athchóiriú athbhreithnithe caiteachais a scaipeadh.

Athchóiriú: 4.D.2 Méadú ar an aois scoir iarbhír

Is é is cuspóir don athchóiriú an aois scoir iarbhír a mhéadú trí dhreasachtaí le haghaidh luathscoir a laghdú, agus ar an gcaoi sin cuidiú le teorainn a chur le fás an chaiteachais phoiblí ar phinsin, cé nach bhfuil ann ach fás teoranta. Le cur in ionad an 'phinsin luathscoir' (*abschlagsfreie vorzeitige Alterspension*) an 'bónas luaththosaithe' mar a thugtar air (FrühstarterInnenbonus),i gcomhthéacs an Achta um Árachas Sóisialta a Leasú 2020, méadaítear an aois scoir iarbhír, agus laghdaítear an bhearna phinsin agus rannchuidítear le bochtaineacht seanaoise a laghdú ag an am céanna. Ritheadh an dlí i mí na Samhna 2020 agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2022.

Leis an 'pinsean luathscoir gan asbhaintí' (abschlagsfreie*vorzeitige Alterspension) rinneadh*foráil maidir leis an bhféidearthacht dul ar scor gan aon asbhaintí roimh an aois scoir reachtúil (fir 65 bliana, mná 60 bliain) agus 45 bliana ranníocaíochta á gcur i gcrích. Níor bhain ach líon beag daoine, a raibh pinsin i bhfad os cionn an mheáin acu den chuid is mó, tairbhe as an riail sin. Os a choinne sin, leis an 'bónas tosaithe luath' nua *(FruehstarterInnenbonus*) gheobhaidh daoine euro amháin sa bhreis ar a bpinsean in aghaidh gach míosa a d'oibrigh siad idir 15 agus 20 bliain d'aois. Do na cúig bliana go dtí 20 bliain d'aois, is ionann an bónas agus uasmhéid EUR 60 in aghaidh na míosa (EUR 840 in aghaidh na bliana) sa bhreis ar an méid pinsin a chinntear. Is é an réamhriachtanas chun an bónas tosaithe luath a fháil 25 bliana árachais ar a laghad a thabhairt i gcrích. Mar thoradh air sin, soláthróidh an bónas dreasacht freisin chun filleadh ar an obair tar éis tréimhse cúraim leanaí.

50% de mhéid an choigeartaithe ('*50 % Aliquotierung'*) a bheidh sa choigeartú pinsin céaduaire sa bhliain féilire tar éis scoir.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2026.

Athchóiriú: 4.D.3 Bochtaineacht seanaoise a laghdú trí dhaoine a dhreasú chun bheith ag obair ar feadh tréimhse níos faide

Is é is cuspóir don athchóiriú bochtaineacht seanaoise a laghdú trí dhaoine a dhreasú chun oibriú ar feadh tréimhse níos faide. Tá dhá chuid san athchóiriú.

Is é is aidhm don chéad chuid an bónas iarchurtha pinsin a mhéadú chun daoine aonair a dhreasú chun oibriú níos faide ná a n-aois inphinsin reachtúil. San Ostair, is iondúil gur chuir mná isteach ar stair fostaíochta agus ar thréimhsí ranníocaíochta pinsin níos giorra mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim leanaí. Ós rud é gur gnách gur mná den chuid is mó a ghlacann an bónas iarchurtha pinsin, a bhfuil a n-aois inphinsin reachtúil fós níos ísle ná aois inphinsin reachtúil na bhfear, meastar go rannchuideoidh sé freisin leis an mbearna phinsin idir na hinscní a laghdú.

Is é is aidhm don dara cuid na coinníollacha incháilitheachta do phinsean Korridor *a* dhéanamh níos doichte tríd an aois íosta luathscoir agus na blianta ranníocaíochta is gá a ardú. Meastar go rannchuideoidh an chuid sin den bheart le hinbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2026.

Athchóiriú: 4.D.4 Creat rialachais maidir le gníomhú ar son na haeráide

Is é is cuspóir don athchóiriú creat dlíthiúil fónta a bhunú chun na spriocanna aeráide a chur chun feidhme.

Tabharfar aghaidh go háirithe ar an tsaincheist maidir le heaspa rialachais tras-leibhéil leis na bearta seo a leanas, a léirítear freisin sna garspriocanna: bunú chomhairle aeráide na Saoránach *(Klimarat)*, a bunaíodh chun tograí le haghaidh bearta cosanta aeráide is gá a phlé agus a fhorbairt chun spriocanna aeráide na hOstaire a bhaint amach. Pointe fócasach a thabhairt isteach le haghaidh buiséadú glas in Aireacht Airgeadais na hOstaire atá freagrach as caighdeáin bhuiséadaithe ghlais a chur chun feidhme i bpróiseas buiséid na hOstaire, agus leasú ar Dhlí Buiséid Cónaidhme na hOstaire (BHG 2013) lena dtugtar isteach aguisín éigeantach a ghabhann le buiséad feidearálach bliantúil na hOstaire agus seiceáil aeráide le haghaidh tograí reachtacha trí ghné cheangailteach tionchair nua laistigh den mheasúnú tionchair rialála. Is é is aidhm don aguisín éigeantach ('Tuarascáil maidir le Buiséadú Glas') tionchair na mbeart buiséadach agus na mbeart beartais cánach a bhaineann go sonrach leis an aeráid agus leis an gcomhshaol chomh maith le bearta rialála ábhartha a ghabháil agus anailís a dhéanamh orthu.

Meastar go gcuirfear tús le cur chun feidhme an athchóirithe faoin 31 Nollaig 2021 agus go dtabharfar chun críche é faoin 31 Nollaig 2025, agus go gcuirfear na forálacha ábhartha i bhfeidhm go héifeachtach ag tosú tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2026.

Athchóiriú: 4.D.5 Athchóiriú ar cháin éiceashóisialta

Is é cuspóir uileghabhálach an athchóirithe ar cháin éiceashóisialta an t-athrú aeráide a chomhrac agus rannchuidiú le spriocanna aeráide Eorpacha agus náisiúnta a bhaint amach. Tar éis an chéad chéim den athchóiriú cánach a chur chun feidhme le déanaí, tá gá le dreasachtaí breise d'iompar tomhaltóirí atá neamhdhíobhálach don aeráid chun go mbainfidh an Ostair a spriocanna aeráide do 2030 amach. Meastar go mbeidh an dara céim den athchóiriú ar cháin éiceashóisialta atá ar na bacáin ina comhlánú tábhachtach ar dhreasachtaí infheistíochta le haghaidh teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid (a áirítear go háirithe i gComhchuid 1 Téarnamh Glas Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hOstaire) agus ar thacaíocht chun an geilleagar ciorclach a leathnú trí chóireáil fhabhrach cánach a chur ar fáil maidir le teicneolaíochtaí agus táirgí astaíochtaí ísle nó nialasacha. Meastar go mbeidh an t-athchóiriú cánach neodrach ó thaobh ioncaim de trí fhaoiseamh cánach a sholáthar do chuideachtaí agus do theaghlaigh phríobháideacha trí bhearta cúitimh a bhfuil éifeachtaí dearfacha sóisialta agus eacnamaíocha breise acu, amhail cánacha saothair laghdaithe nó bónais spriocdhírithe atá bunaithe ar thomhaltas.

Tabharfar isteach leis an mbeart praghsáil le haghaidh astaíochtaí CO2, amhail trí phraghsáil CO2 trí chánacha atá ann cheana faoi chuimsiú reachtaíocht chánach nó córas náisiúnta trádála astaíochtaí agus socrófar praghsanna ag an tús. Déantar na bearta sin a chomhordú le hionstraimí ar an leibhéal Eorpach, ionas go n-eisiafar praghsáil dhúbailte. Tá méid na praghsála bunaithe ar an sprioc maidir le fíorchostas a comhaontaíodh i gclár an rialtais ar thaobh amháin agus ar an taobh eile ar na laghduithe astaíochtaí is gá chun na spriocanna aeráide a bhaint amach. Meastar go rannchuideoidh an t-athchóiriú le laghdú bliantúil 2.6 milliún tona de choibhéis CO2 ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 2019.

Meastar go gcuirfear tús le cur chun feidhme an athchóirithe faoin 30 Meitheamh 2021 agus tabharfar chun críche é faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú: 4.D.6 Maoiniú Glas (Clár Oibre)

Is é is cuspóir don chlár oibre maidir le maoiniú glas creat polaitiúil agus faireacháin a bhunú lena slógfar caipiteal príobháideach le haghaidh na n-infheistíochtaí is gá chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach.

Díríonn gníomhaíochtaí chlár oibre an airgeadais ghlais ar na trí ghné seo a leanas, ar an mbonn go ndéantar an snas glas a chomhrac go gníomhach: (i) caipiteal a shlógadh le haghaidh cosaint aeráide agus infheistíocht inbhuanaithe, (ii) rioscaí a bhaineann leis an aeráid a dhaingniú agus a bhainistiú sna hoibleagáidí díchill chuí, agus (iii) straitéisí agus modhanna aonfhoirmeacha a fhorbairt chomh maith le treoraíocht.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí sonracha a áirítear sa Chlár Oibre maidir le Maoiniú Glas: an comhaontú maidir le 'Fachtóir Tacaíochta Glas' a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus, bunaithe ar chomhaontú an Aontais, cur chun feidhme náisiúnta an 'Fachtóra Tacaíochta Glaise' chun deonú 'iasachtaí glasa' a éascú; straitéisí agus modhanna a fhorbairt chun bainistiú riosca níos fearr a dhéanamh i gcomhthéacs an mhaoinithe ghlais, e.g. an neamhchosaint ar riosca aeráide agus comhshaoil a thomhas agus a laghdú go córasach; agus modhanna iomchuí agus an treoir ghaolmhar a fhorbairt a thuilleadh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú: 4.D.7 An Straitéis Náisiúnta um Oideachas Airgeadais

Is é an cuspóir atá ann straitéis náisiúnta oideachais airgeadais a bhunú, straitéis nach ann di go dtí seo. Leagfar síos leis spriocanna comhchoiteanna agus fís fhadtéarmach as a dtiocfaidh méadú ar an oideachas airgeadais san Ostair agus ar a bhféadfaidh geallsealbhóirí ón earnáil oideachais airgeadais a gcláir agus a mbearta féin a bhunú.

Áireofar san athchóiriú coincheap straitéise a bhunú agus creat inniúlachta a bhunú. Ar na hábhair ba cheart a shaothrú go háirithe leis an straitéis oideachais airgeadais tá bunoideachas airgeadais i scoileanna agus do dhaoine óga, rud a mhéadaíonn eolas an phobail ar an margadh caipitil agus níos mó feasachta ar an tábhacht a bhaineann le soláthar sa todhchaí agus sa tseanaois. Aithníodh mná mar cheann de na spriocghrúpaí sonracha.

Meastar go gcuirfear tús le cur chun feidhme an athchóirithe faoin 30 Meán Fómhair 2021 agus tabharfar chun críche é faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú: 4.D.8 Pacáiste um Ghnólachtaí Nuathionscanta

Is é an cuspóir atá ann tacaíocht inbhuanaithe a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta atá dírithe ar fhás agus cur le tarraingteacht an tsuímh ghnó go hidirnáisiúnta.

Is éard atá san athchóiriú foirm dhlíthiúil nua a chur chun feidhme (teideal oibre 'Austrian Limited'). Cuirfear an fhoirm dhlíthiúil nua sin in oiriúint do riachtanais gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nuálacha agus do réimse na fiontraíochta sóisialta. Chun maoiniú fáis a neartú, scrúdófar tuilleadh dreasachtaí cánach. Ina theannta sin, ní mór féachaint ar an athchóiriú in éineacht le bearta simpliúcháin eile, amhail prionsabal na haonuaire agus tréimhse chairde a chur chun feidhme (féach thíos).

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú: 4.D.9 Caipiteal cothromais a neartú

Is é cuspóir an bhirt staid chothromais chuideachtaí na hOstaire a neartú trí shlógadh caipitil phríobháidigh i gcuideachtaí i bhfoirm cothromais a éascú. Chun na críche sin, is é an chéad aidhm meastóireacht a dhéanamh ar staid chothromais chuideachtaí na hOstaire. Soiléireofar go háirithe cé na hearnálacha ina bhfuil an staid chothromais an-íseal agus ina sainaithneofar ról mhéid na cuideachta freisin.

Is éard atá i gceist leis an mbeart athchóirithe iasachtaí atá ráthaithe ag an rialtas, a úsáideadh chun scrogaill leachtachta a líonadh le linn ghéarchéim COVID-19, a thiontú ina n-ionstraimí cothromais nó ina n-ionstraimí atá cosúil le cothromas. Ina theannta sin, beidh foirm chuideachta le haghaidh infheistíochtaí i sealúchais chuideachta i bhfoirm SICAV (*société d'investissement à capital variable*), scéim chomhinfheistíochta, atá seanbhunaithe cheana féin i dtíortha Eorpacha eile, fréamhaithe i ndlí cuideachtaí na hOstaire. Tá sé beartaithe scaireanna ciste a dhéanamh inurrúsaithe agus intrádála. Cuirfear san áireamh sa dearadh ardchaighdeáin trédhearcachta, cosaint infheisteoirí, sciúradh airgid a chosc agus samhlacha struchtúraithe cánach a eisiamh.

Meastar go gcuirfear tús le cur chun feidhme an athchóirithe faoin 30 Meán Fómhair 2021 agus tabharfar chun críche é faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú: 4.D.10 Margadh an tsaothair: ionad ilfhreastail

Is é is cuspóir don bheart tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil chun daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus a bhfuil bacainní iomadúla rompu a thabhairt ar ais chuig an margadh saothair. Táthar ag súil go gcuideoidh an tacaíocht chomhordaithe le haghaidh a thabhairt ar na bacainní iomadúla sin agus rochtain ar cháilíocht agus ar oiliúint a éascú. Tá méadú ag teacht freisin ar an ngá atá leis an tacaíocht spriocdhírithe sin le linn phaindéim COVID-19.

Is éard atá i gceist leis an mbeart ionad ilfhreastail a bhunú le haghaidh na tréimhse fada atá dífhostaithe agus a bhfuil bacainní iomadúla rompu maidir le socrúchán agus cuimsiú sa mhargadh saothair. Déanfar an t-ionad ilfhreastail a dhearadh agus a chur~~ar~~ bun i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na *Länder*. Ba cheart don ionad ilfhreastail sin rochtain ar sheirbhísí iomchuí na n-institiúidí tacaíochta éagsúla a chomhordú agus a éascú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú: 4.D.11 Léirscaoileadh rialachán gnó

Is é is cuspóir do thrí bheart spriocdhírithe rannchuidiú le léirscaoileadh na gcreatchoinníollacha don trádáil agus le soláthar seirbhísí atá dírithe ar ghnó a chur chun cinn, ar seirbhísí iad a rannchuidíonn freisin leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

Tá trí bheart sa phacáiste athchóirithe: Tá roinnt gníomhaíochtaí i mbaint na mbacainní ar aistrithe gnó (An tAcht um Thréimhse Ghráid) lena n-éascófar aistriú gnólachtaí chuig úinéirí nua (amhail chuig an gcéad ghlúin eile i ngnó teaghlaigh). Leis an leasú ar an Acht um Thrácht Ócáideach, déantar na coinníollacha le haghaidh tacsaithe agus gnólachtaí eile ar cíos síbe a ailíniú, rud a chumasaíonn oibriú seirbhísí nuálacha stoptha síbe. Leis an mbeart athchóirithe deireanach sa phacáiste seo, éascaítear an próiseas údaraithe maidir le pointí athluchtaithe do mhótarfheithiclí leictreacha agus do chórais fhótavoltacha mar chuid de shuiteálacha tráchtála.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2022. Bhí an tAcht um Thrácht Ócáideach le teacht i bhfeidhm faoin 31 Márta 2021. Bhí an díolúine ó údarú chun pointí luchtaithe feithiclí leictreacha agus córais fhótavoltacha a shuiteáil le teacht i bhfeidhm faoin 31 Márta 2021.

P.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
146	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	Garsprioc	Athbhreithniú Caiteachais ar an anailís ar thacaíocht don bheartas aeráide agus fuinnimh agus ar thírdhreach na ndreasachtaí.	Scaipeadh na tuarascála	—	—	—	C3	2022	Scaipfear an tuarascáil go hinmheánach. Díreofar sa tuarascáil sin ar an anailís ar thacaíocht don bheartas aeráide agus fuinnimh agus ar thírdhreach na ndreasachtaí. Bunaithe air sin, féadfar scrúdú a dhéanamh ar chistiú breise agus ar dhreasachtaí breise a bhaineann lena dtionchar ar an mbeartas aeráide agus fuinnimh. Is é is aidhm dó sásraí freagrachta aeráide a chur san áireamh d'Aireachtaí agus spriocanna sonracha a leagan síos maidir le gás ceaptha teasa a laghdú le huasteorainneacha buiséid ar leith.
147	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	Garsprioc	Athbhreithniú Caiteachais 'Sineirgí le tírdhreach cistiúcháin na	Scaipeadh na tuarascála	—	—	—	C2	2023	Scaipfear an tuarascáil go hinmheánach. Díreofar sa tuarascáil sin ar shineirgí a shainaithint i dtírdhreach cistiúcháin na *Länder*, lena n-áirítear na sásraí freagrachta

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			Länder a shainaithint'							aeráide idir an leibhéal feidearálach agus na *Länder* mar chuid den Acht um Chaidreamh Fioscach Idir-Rialtasach, 2017 (*Finanzausgleichsgesetz* 2017), ionas go bhféadfar í a úsáid mar bhonn don chéad tréimhse eile den Acht um Chaidreamh Fioscach Idir-Rialtasach.
148	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	Garsprioc	Athbhreithniú Caiteachais 'Cur chun feidhme thacsanomaíocht an Aontais ar an leibhéal náisiúnta'	Scaipeadh na tuarascála	—	—	—	R4	2024	Scaipfear an tuarascáil go hinmheánach. Díreofar sa tuarascáil sin ar shainaithint na ndúshlán a bhaineann le sreafaí airgeadais a atreorú chuig infheistíochtaí inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don aeráid agus luamháin ón earnáil phoiblí a shainaithint i réimsí an bheartais fhioscaigh, rialála agus cánach.
149	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	Garsprioc	Athbhreithniú Caiteachais 'Scairsheilbh san earnáil phoiblí'	Scaipeadh na tuarascála	—	—	—	C2	2025	Foilseofar an tuarascáil maidir le hathbhreithniú caiteachais ar 'scairsheilbh san earnáil phoiblí' ar líne. Díreofar sa tuarascáil sin ar

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí inbhuanaitheachta fiontar atá faoi úinéireacht stáit a bhaineann leis an aeráid.
150	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	Garsprioc	Athbhreithniú Caiteachais ‘Inbhuanaitheacht an tSoláthair Phoiblí’	Scaipeadh na tuarascála	—	—	—	C1	2026	Scaipfear go hinmheánach an tuarascáil maidir le hathbhreithniú caiteachais ar ‘inbhuanaitheacht an tsoláthair phoiblí’. Díreofar sa tuarascáil sin ar mheastóireacht a dhéanamh ar an status quo maidir le soláthar inbhuanaithe. Thairis sin, leagfar béim ann ar an acmhainneacht optamaithe a fhorbairt le haghaidh soláthar poiblí inbhuanaithe.
151	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	Garsprioc	Athbhreithniú Caiteachais ‘Digitiú a chur chun cinn tuilleadh sa riarachán poiblí’	Scaipeadh na tuarascála	—	—	—	C3	2023	Scaipfear an tuarascáil go hinmheánach. Díreofar sa tuarascáil sin ar mheastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an chiste don digitiú.
152	4.D.2 Méadú ar an aois scoir iarbhír	Garsprioc	An bunús dlí a bhunú chun deireadh a chur leis an bpinsean luathscoir gan	Foilsiú an Achta um Árachas Sóisialta 2020 i gcóras faisnéise dlí na hOstaire	—	—	—	R4	2020	Glacadh an t-ionadú ar an ‘bónas luathscoir’, mar a thugtar air, i mí na Samhna 2020 i gcomhthéacs an Achta um Árachas Sóisialta 2020 a

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			asbhaint, chomhmaith leis an mbónas tosaithe luath a thabhairt isteach							Leasú agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2022.
153	4.D.2 Méadú ar an aois scoir iarbhír	Garsprioc	Tabhairt isteach 50 % Aliquotierung den chéad mhéadú pinsin	Teacht i bhfeidhm an dlí lena leasaítear an tAcht Árachais Shóisialta	—	—	—	C1	2022	50 % de mhéid an choigeartaithe a bheidh sa choigeartú pinsin céaduaire sa bhliain féilire tar éis scoir.
154a	4.D.3 Bochtaineacht seanaoise a laghdú trí dhaoine a dhreasú chun bheith ag obair ar feadh tréimhse níos faide	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena dtugtar isteach méadú ar an mbónas iarchurtha pinsin	Foráil sa dlí lena sonraítear an teacht i bhfeidhm	—	—	—	C2	2022	Tiocfaidh an dlí lena méadaítear an bónas iarchurtha pinsin i bhfeidhm.
155a	4.D.3 Bochtaineacht seanaoise a laghdú trí dhaoine a dhreasú chun bheith ag obair ar feadh tréimhse níos faide	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena leasaítear *Korridorpension*	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí lena leasaítear *Korridorpension*	—	—	—	R4	2022	Tiocfaidh an dlí lena leasaítear *Korridorpension* i bhfeidhm, agus cuirfear i bhfeidhm é céim ar chéim ag tosú an 1 Eanáir 2026.
156	4.D.4 Creat rialachais maidir le gníomhú ar son na haeráide	Garsprioc	Comhairle Aeráide na Saoránach	Tuairisciú poiblí ar Chomhairle Aeráide na	—	—	—	R4	2021	Bunaítear Comhairle Aeráide na Saoránach *(Klimarat*) mar is léir ó thuairisciú poiblí ar a

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			(Klimarat) agus pointe fócasach maidir le buiséadú glas	Saoránach a bhunú agus ar phointe fócasach maidir le buiséadú glas.						chruinniú tionscnaimh ar a laghad. Bunófar pointe fócasach maidir le buiséadú glas chun cur chun feidhme na gcaighdeán buiséadaithe ghlais san Ostair a chomhordú san Aireacht Airgeadais agus fógrófar go poiblí é.
157	4.D.4 Creat rialachais maidir le gníomhú ar son na haeráide	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar isteach seiceáil éigeantach aeráide le haghaidh tograí reachtacha nua	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an leasaithe ar dhlí buiséid Cónaidhme na hOstaire (BHG 2013), agus cur i bhfeidhm éifeachtach na bhforálacha ábhartha ag tosú tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2026.	—	—	—	C2	2022	Le leasú ar Dhlí Buiséid Cónaidhme na hOstaire (BHG 2013), tabharfar isteach aguisín éigeantach a ghabhann le buiséad feidearálach bliantúil na hOstaire agus seiceáil aeráide le haghaidh tograí reachtacha trí ghné tionchair cheangailteach nua laistigh den mheasúnú tionchair rialála.
158	4.D.5 Athchóiriú ar cháin éiceashóisialta	Garsprioc	Seoladh an dara céim d'obair an tascfhórsa	Tá an tascfhórsa maidir le hathchóiriú ar an gcáin	—	—	—	C2	2021	Cuirfidh an tascfhórsa tús lena chuid oibre ar an dara céim den athchóiriú ar cháin éiceashóisialta.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
				éiceashóisialta ag cur tús leis an obair ar an dara céim den athchóiriú ar cháin éiceashóisialta						
159	4.D.5 Athchóiriú ar cháin éiceashóisialta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar cháin éiceashóisialta	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an athchóirithe cánach éiceashóisialta.	—	—	—	C1	2022	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar cháin éiceashóisialta, lena n-áirítear praghas ar astaíochtaí CO2, a mheastar a laghdóidh astaíochtaí bliantúla CO2 faoi 2.6 milliún tona ar a laghad faoi 2030 (i gcomparáid le 2019).
160	4.D.6 Maoiniú Glas (Clár Oibre)	Garsprioc	An Clár Oibre maidir le Maoiniú Glas	Foilsiú an Chláir Oibre maidir le Maoiniú Glas	—	—	—	C1	2022	Foilseofar an clár oibre maidir le maoiniú glas. Áireofar ann tagairt nithiúil do na gníomhaíochtaí atá beartaithe, amhail: deonú ‘iasachtaí glasa’ a éascú agus straitéisí agus modhanna a fhorbairt chun bainistiú riosca níos fearr a dhéanamh i gcomhthéacs an mhaoinithe ghlais (amhail an neamhchosaint ar riosca aeráide agus comhshaoil a

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										thomhas agus a laghdú go córasach).
161	4.D.6 Maoiniú Glas (Clár Oibre)	Garsprioc	Táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla a úsáid chun gnóthú an chur chun feidhme a thomhas	Foilsiú tuarascála bunaithe ar thráscairí maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre maidir le Maoiniú Glas	—	—	—	R4	2022	Cuirfear i láthair sa tuarascáil modheolaíocht atá bunaithe ar tháscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla chun treoir a thabhairt maidir le rath na ngníomhaíochtaí airgeadais ghlais a thomhas.
162	4.D.7 An Straitéis Náisiúnta um Oideachas Airgeadais	Garsprioc	Doiciméad straitéise	Foilsiú an doiciméid straitéise lena n-áirítear plean gníomhaíochta	—	—	—	C3	2021	Déanfar an doiciméad straitéiseach a chomhlánú. Leagfar síos ann spriocanna coiteanna agus físeanna fadtéarmacha as a dtiocfaidh méadú ar an oideachas airgeadais san Ostair agus ar a bhféadfaidh geallsealbhóirí i réimse an oideachais airgeadais a gcláir agus a mbearta féin a bhunú. Táthar ag súil freisin go n-áireofar creat le haghaidh comhair agus comhordaithe idir gníomhaithe oideachais airgeadais poiblí agus neamhphoiblí. Áireofar sa doiciméad plean gníomhaíochta chun an straitéis a oibríochtú.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
163	4.D.7 An Straitéis Náisiúnta um Oideachas Airgeadais	Garsprioc	Bailchríoch a chur ar an gCreat Inniúlachta don oideachas airgeadais	Cuirtear an Creat Inniúlachta don oideachas airgeadais ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach	—	—	—	R4	2022	Díreofar sa chreat inniúlachtaí ar bhunoideachas airgeadais méadaithe i scoileanna agus do dhaoine óga, ar eolas an daonra ar an margadh caipitil a mhéadú agus ar fheasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le soláthar sa todhchaí agus soláthar seanaoise. Táthar ag súil le sineirgí freisin leis an gClár Oibre maidir le Maoiniú Glas (amhail 'Litearthacht Airgeadais Ghlas').
164	4.D.8 Pacáiste um Ghnólachtaí Nuathionscanta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an phacáiste tionscnaimh	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an phacáiste tionscnaimh	—	—	—	C1	2022	Teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar isteach foirm chorparáideach nua (teideal oibre: 'An Ostair Teoranta'), a éascóidh luathchéimeanna na ngnólachtaí nuathionscanta. Cuirfear riachtanais gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nuálacha san áireamh ann go háirithe. Áireofar leis leithdháileadh solúbtha scaireanna

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										d'infheisteoirí agus d'fhostaithe.
165	4.D.9 Caipiteal cothromais a neartú	Garsprioc	Foraithne maidir le hiasachtaí arna ráthú ag an stát a chomhshó ina gcothromas	Foilsiú na foraithne	—	—	—	C3	2021	Beidh an fhoraithne lena n-osclaítear an fhéidearthacht iasachtaí arna ráthú ag an stát a chomhshó ina gcothromas i bhfeidhm
166	4.D.9 Caipiteal cothromais a neartú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na foirme cuideachta le haghaidh infheistíochtaí sa scairsheilbh (SICAV)	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm fhoirm na cuideachta le haghaidh infheistíochtaí i scairshealbha (SICAV)	—	—	—	C1	2022	Tiocfaidh leasú ar dhlí cuideachtaí na hOstaire i bhfeidhm chun foirm dhlíthiúil SICAV a thabhairt isteach chun infheistíochtaí cothromais i gcuideachtaí a éascú
167	4.D.10 Margadh an tsaothair: ionad ilfhreastail	Garsprioc	Forbairt choincheapúil	Rinneadh coincheap an ionaid ilfhreastail a fhorbairt agus a tharchur chuig an gCoimisiún Eorpach	—	—	—	C3	2021	Beidh fáil ar an gcoincheap inmheánach, atá le forbairt le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe *Laender* agus Sóisialta, chun an t-ionad ilfhreastail a bhunú. Déanfaidh sé tabhairt isteach an ionaid ilfhreastail a oibríochtú.
168	4.D.10 Margadh an tsaothair: ionad ilfhreastail	Garsprioc	Tús oibríochtaí	Tá an t-ionad ilfhreastail ag feidhmiú	—	—	—	C1	2022	Beidh an t-ionad ilfhreastail oibríochtúil agus thosaigh sé ag tairiscint seirbhísí do dhaoine dífhostaithe

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
169	4.D.11 Léirscaoileadh rialachán gnó	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh iompair ócáidigh	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an ghnímh iompair ócáidigh.	—	—	—	C1	2021	Tiocfaidh an tAcht um Iompar Ócáideach i bhfeidhm, lena gcuirfear deireadh le taraif cheangailteach le haghaidh iompar ócáideach (oibleagáid tacsaiméadair).
170	4.D.11 Léirscaoileadh rialachán gnó	Garsprioc	Pointí athluchtaithe le haghaidh mótarfheithiclí leictreacha agus córais fhótavoltacha i suiteálacha tráchtála a dhíolmhú ó cheanglais údarúcháin.	Foilsiú na foraithne lena ndíolmhaítear pointí athluchtaithe le haghaidh mótarfheithiclí leictreacha agus córais fhótavoltacha i suiteálacha tráchtála ó údarú	—	—	—	C1	2021	Tiocfaidh an fhoraithne i bhfeidhm lena ndéanfar pointí athluchtaithe le haghaidh mótarfheithiclí leictreacha agus córais fhótavoltacha i suiteálacha tráchtála a dhíolmhú ó údarú i bprionsabal.
171	4.D.11 Léirscaoileadh rialachán gnó	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta um Thréimhse Chairde	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Achta um Thréimhse Chairde	—	—	—	C1	2022	Tiocfaidh an dlí maidir le bacainní ar aistrithe gnó a bhaint (An tAcht um Thréimhse Ghrádach) i bhfeidhm.

COMHPHÁIRT 5: REPowerEU

Tugann comhpháirt REPowerEU na hOstaire aghaidh ar na dúshláin atá os comhair na hOstaire mar gheall ar spleáchas fuinnimh ar bhreoslaí iontaise agus ar an aistriú glas. Tá dhá athchóiriú nua sna ceithre bheart atá beartaithe (maidir le dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus maidir le hidrigin a chur chun cinn mar theicneolaíocht atá ríthábhachtach don aeráidneodracht), infheistíocht nua amháin (córais fhótavoltacha le stóráil leictreachais nó gan stóráil leictreachais) chomh maith le méadú ar infheistíocht amháin atá ann cheana a bhaineann le feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha.

Rannchuidíonn na hathchóirithe go háirithe le sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur lena chur in úsáid, agus le táirgeadh hidrigine in-athnuaite agus glacadh hidrigine a mhéadú in earnálacha ar deacair iad a dhícharbónú. Cuidíonn na hinfheistíochtaí le dlús a chur le leathnú an fhuinnimh in-athnuaite agus le tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar.

Meastar go laghdóidh cur chun feidhme na mbeart atá beartaithe an spleáchas ar bhreoslaí iontaise i gcomhréir leis an moladh tírshonrach maidir le fuinneamh (moladh tírshonrach 4 in 2022). Tá éifeacht trasteorann ag formhór na mbeart nua i gcaibidil REPowerEU trí rannchuidiú le soláthar fuinnimh a dhaingniú san Aontas ar fad.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

5.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Q. SUBCOMPONENT 5.A ATHCHÓIRITHE

Athchóiriú: 5.A.1 Dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh

Is é cuspóir an bhirt na nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú tríd an Acht náisiúnta um Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol ('Acht MTC') a leasú. Is é is aidhm don leasú roinnt simplithe nós imeachta a thabhairt isteach, amhail athruithe ar an gcead a éascú i gcás forbairt theicneolaíoch, fad na nósanna imeachta ceadaithe ar an leibhéal riaracháin agus breithiúnach a laghdú trí spriocdhátaí nithiúla a leagan síos le haghaidh agóidí ag tús an nós imeachta, deireadh a chur le héifeacht fionraíochta an achomhairc i gcás gearáin nach bhfuil bunús leordhóthanach leo agus trí úsáid mhéadaithe a bhaint as an digitiú.

Déanfar meastóireacht ar thionchar an athchóirithe i dtuarascáil chuig Parlaimint na hOstaire, ina gcuirfear moltaí i láthair maidir le conas dlús breise a chur leis na nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus figiúirí lena gcainníochtaítear fad na nósanna imeachta um measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol (MTC).

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2024.

Athchóiriú: 5.A.2 Hidrigin mar phríomhtheicneolaíocht i dtreo na haeráidneodrachta

Is é is cuspóir don bheart seo beartas nua a chruthú agus tionscnaimh maidir le hidrigin in-athnuaite san Ostair a chomhordú trí bhíthin Straitéis Hidrigine náisiúnta.

Is éard atá sa bheart Straitéis Hidrigine náisiúnta a fhoilsiú, an t-ardán hidrigine náisiúnta a bhunú, an plean comhtháite náisiúnta bonneagair fuinnimh a fhoilsiú agus teacht i bhfeidhm

na reachtaíochta maidir leis na ceanglais chun hidrigin in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh.

R. SUBCOMPONENT 5.B INFHEISTÍOCHTAÍ

Infheistíocht: 5.B.1 Córais fhótavoltacha

Is é is cuspóir don infheistíocht sin dlús a chur le leathnú an fhuinnimh in-athnuaite agus rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Is éard atá sa bheart infheistíocht a thacaíonn le leathnú na gcóras fótavoltach.

Infheistíocht: 5.B.2. Beart méadaithe: Feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha a chistiú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo infheistíocht 1.B.4 feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha a mhéadú faoi chomhchuid 1, Téarnamh Inbhuanaithe.

Is éard atá sa bheart maoiniú d'fheithiclí tráchtála tromshaothair iomlána leictreacha nó hidrigine.

5.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
172	5.A.1. Dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh leasaithe um Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Ghnímh leasaithe um Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol	—	—	—	C1	2023	Tiocfaidh an leasú ar an Acht um Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (EIA) i bhfeidhm.
173	5.A.1. Dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh	Garsprioc	An 9ú Tuarascáil maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol curtha faoi bhráid na Parlaiminte	Tarchur an 9ú Tuarascáil maidir le Measúnú ar[an] Tionchar ar an gComhshaol chuig an bParlaimint	—	—	—	C3	2024	Déanfar an 9ú Tuarascáil MTC a tharchur chuig an bParlaimint. Áireofar ann figiúirí maidir le fad na nósanna imeachta MTC, chomh maith le moltaí maidir leis na gníomhaíochtaí is gá chun dlús breise a chur le ceadú foinsí in-athnuaite fuinnimh san Ostair.
174	5.A.2. Hidrigin mar phríomhtheicneolaíocht i dtreo na haeráidneodrachta	Garsprioc	Foilsítear an Straitéis Hidrigine agus bunaítear an t-ardán náisiúnta hidrigine	An Straitéis Hidrigine a fhoilsiú agus an t-ardán náisiúnta hidrigine a bhunú.	—	—	—	C2	2023	Foilseofar an Straitéis Hidrigine. Bunófar an t-ardán náisiúnta hidrigine. Áireofar ar an ardán ionadaithe ón taighde, ón tionscal, ón earnáil fuinnimh agus ón tsochaí shibhialta.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
175	5.A.2. Hidrigin mar phríomhtheicneolaíocht i dtreo na haeráidneodrachta	Garsprioc	Foilsiú na tuarascála meastóireachta	Foilsiú ar líne na tuarascála meastóireachta ar chur chun feidhme na Straitéise Hidrigine	—	—	—	C1	2024	Foilseofar an chéad tuarascáil mheastóireachta ar chur chun feidhme na Straitéise Hidrigine. Áireofar ann staid na himeartha agus measúnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí a áirítear sa Straitéis Hidrigine.
176	5.A.2. Hidrigin mar phríomhtheicneolaíocht i dtreo na haeráidneodrachta	Garsprioc	Foilsiú an phlean chomhtháite náisiúnta bonneagair fuinnimh agus teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis na ceanglais chun hidrigin in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh	Foilsiú an phlean chomhtháite náisiúnta bonneagair fuinnimh agus foráil sa reachtaíocht lena sonraítear an teacht i bhfeidhm	—	—	—	C1	2026	Foilseofar an plean comhtháite náisiúnta bonneagair fuinnimh (NIP) agus tiocfaidh reachtaíocht i bhfeidhm maidir leis na ceanglais chun hidrigin in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh.
177	5.B.1. Córais fhótavoltacha	Garsprioc	Foilsiú na dtreoirlínte	Na treoirlínte a fhoilsiú ar líne	—	—	—	R4	2023	Foilseofar treoirlínte na scéime fóirdheontais.
178	5.B.1. Córais fhótavoltacha	Cuspóir sonrach	Córais fhótavoltacha a shuiteáil	—	Uimhir	0	17 500	R4	2024	Suiteálfar 17500 tionscadal ina bhfuil córais fhótavoltacha suas le 20 kWp, bíodh córais

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										stórála leictreachais suas le 50 kWh iontu nó ná bíodh.
179	5.B.1. Córais fhótavoltacha	Cuspóir sonrach	Córais fhótavoltacha a shuiteáil	—	Uimhir	17 500	35 300	R4	2025	Suiteálfar 35300 tionscadal ina bhfuil córais fhótavoltacha suas le 20 kWp, bíodh córais stórála leictreachais suas le 50 kWh iontu nó ná bíodh.
180	5.B.2. Feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha a chistiú	Garsprioc	Seoladh an ghlao ar mhaoiniú	Seoladh an ghlao ar chistiú le haghaidh tionscadail le haghaidh feithiclí tráchtála tromshaothair	—	—	—	C1	2023	Seolfar glao cistiúcháin ar thionscadail le haghaidh feithiclí tráchtála tromshaothair (catagóirí N2 agus N3, aonaid tarracóirí agus feithiclí speisialta) ‘Feithiclí tráchtála agus bonneagar atá saor ó astaíochtaí (ENIN)’.
181	5.B.2. Feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha a chistiú	Cuspóir sonrach	Feithiclí atá feistithe le teicneolaíocht iomlán leictreach nó hidrigine	—	Uimhir	0	167	R4	2025	Gur eisíodh deimhnithe clárúcháin feithicle le haghaidh 167 bhfeithicil iomlána leictreacha nó hidrigine ar a laghad de chatagóirí N2, N3, aonaid tarracóra nó feithiclí speisialta.

COMHCHUID 6: INIÚCHADH AGUS RIALÚ

S. SUBCOMPONENT 6.A INIÚCHADH AGUS RIALÚ

S.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus infheistíochtaí

Athchóiriú: 6.A.1 Socruithe le haghaidh chreat rialaithe an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta

Is é is cuspóir don bheart feabhas a chur ar chreat rialaithe Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hOstaire. Chun cur chun feidhme éifeachtach beart comhréireach a áirithiú chun leasanna airgeadais an Aontais (PFIU) a chosaint de réir Airteagal 22 de Rialachán RRF, áiritheoidh an Ostair go síneofar comhaontuithe atá ceangailteach ó thaobh dlí idir na comhlachtaí freagracha ar an leibhéal cónaidhme agus na comhlachtaí cur chun feidhme atá freagrach go hiomlán nó go páirteach as cur chun feidhme RRF. Leagfar amach sna comhaontuithe sin oibleagáid ar na comhlachtaí cur chun feidhme sin (a) rochtain ar na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22 (2) (d) (i) — (iii) de Rialachán RRF a bhailiú agus a áirithiú agus (b) rialuithe iomchuí a dhéanamh ar chistiú dúbailte idir RRF agus cláir eile de chuid an Aontais agus na rialuithe sin a dhoiciméadú. I gcás inar ceanglais dhlíthiúla cheana féin iad na hoibleagáidí thuasluaite, ní bheidh gá le haon chomhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

S.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireacháin agus cur chun feidhme

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
182	Socruithe le haghaidh chreat rialaithe an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta	Garsprioc	Socruithe le haghaidh chreat rialaithe an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta	Síniú comhaontuithe atá ceangailteach ó thaobh dlí	—	—	—	R4	2023	Síneofar comhaontuithe atá ceangailteach ó thaobh dlí idir na comhlachtaí freagracha ar an leibhéal feidearálach agus na comhlachtaí cur chun feidhme atá freagrach go hiomlán nó i bpáirt as cur chun feidhme RRF. Leagfar amach sna comhaontuithe sin oibleagáid ar na comhlachtaí cur chun feidhme sin (a) rochtain ar na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22 (2) (d) (i) — (iii) de Rialachán RRF a bhailiú agus a áirithiú agus (b) rialuithe iomchuí a dhéanamh ar chistiú dúbailte idir RRF agus cláir eile de chuid an Aontais agus na rialuithe sin a dhoiciméadú. I gcás inar ceanglais dhlíthiúla cheana féin iad na hoibleagáidí thuasluaite, ní bheidh gá le haon chomhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí.

2. Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Is é EUR 4073468950 costas measta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire. Is é EUR 210304520 costas measta iomlán chaibidil REPowerEU.

ROINN 2: TACAÍOCHT AIRGEADAIS

1. Ranníocaíocht

Déanfar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a eagrú ar an mbealach seo a leanas:

An Chéad Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
21	1.B.5 Iarnróid nua a thógáil	M	Tionscadal tógála atá ar siúl faoi láthair
84	3.B.1 Bónas oideachais	M	Teacht i bhfeidhm an Achta um Árachas Dífhostaíochta agus foilsiú na dTreoirlínte Cistiúcháin ar shuíomh gréasáin na nAireachtaí
87	3.B.2 Athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn	M	Na réamhchoinníollacha maidir le hathsciliú agus uas-sciliú a áirithiú
152	4.D.2 Méadú ar an aois scoir iarbhír	M	An bunús dlí a bhunú chun deireadh a chur leis an bpinsean luathscoir gan asbhaint, chomh maith leis an mbónas tosaithe luath a thabhairt isteach
17	1.B.4 Feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha	M	Seoladh an chláir tacaíochta
49	2.B.1 Rochtain chothrom chomhionann do dhaltaí ar inniúlacht bhunúsach dhigiteach	M	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh um Dhigitiú Scoile
62	2.D.1 Digitiú FBManna	M	Formheas agus foilsiú na dtreoirlínte agus na gconarthaí ábhartha le haghaidh KMU.DIGITAL 3.0
63	2.D.1 Digitiú FBManna	M	Formheas agus foilsiú na dtreoirlínte agus na gconarthaí ábhartha le haghaidh KMU.E-Tráchtáil
169	4.D.11 Léirscaoileadh rialachán gnó	M	Teacht i bhfeidhm an ghnímh iompair ócáidigh
170	4.D.11 Léirscaoileadh rialachán gnó	M	Pointí athluchtaithe le haghaidh mótarfheithiclí leictreacha agus córais fhótavoltacha i suiteálacha tráchtála a dhíolmhú ó cheanglais údarúcháin
52	2.B.2 Feistí digiteacha úsáideora deiridh a sholáthar do scoileanna	T	Gléasanna digiteacha don chéad dá bhliain den mheánscoil
59	2.C.2 Riarachán poiblí an chiste don digitiú	M	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh um an gCiste Digitithe
65	2.D.2 Infheistíochtaí digiteacha i bhfiontair	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Préimheanna Infheistíochta chun an méadú ar an mbuiséad mar thoradh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a léiriú
68	2.D.3 Infheistíochtaí glasa i bhfiontair	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Préimheanna Infheistíochta chun an méadú ar

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
			an mbuiséad mar thoradh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a léiriú
92	3.C.2 Pacáiste oideachais feabhais	M	Bailchríoch a chur ar an bpacáiste oideachais feabhais agus tús a chur leis na bearta sna scoileanna
158	4.D.5 Athchóiriú ar cháin éiceashóisialta	M	Seoladh an dara céim d'obair an tascfhórsa
119	4.B.2 Athchóiriú chun soláthar cúraim a fhorbairt a thuilleadh	M	Treoirthionscadail maidir le haltraí pobail mar ghné den Athchóiriú ar sholáthar cúraim
11	1.B.2 Tabhairt isteach ticéid aeráide 1-2-3	M	Teacht i bhfeidhm an dlí
41	1.D.2 An geilleagar a chlaochlú i dtreo na haeráidneodrachta	M	Critéir rialála agus treoirlínte cistiúcháin a ghlacadh
50	2.B.1 Rochtain chothrom chomhionann do dhaltaí ar inniúlacht bhunúsach dhigiteach	M	Teacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme,
56	2.C.1 Reachtaíocht atá beartaithe d'aon iarraidh amháin: Leasú ar an Acht um Thairseach na Seirbhíse Gnó	M	Teacht i bhfeidhm an dlí lena leasaítear an tAcht um Thairseach na Seirbhíse Gnó; uasghrádú ar an mbonneagar TF ábhartha
101	3.D.2 Hidrigin IPCEI	M	Roghnú náisiúnta tionscadal chun tacú le táirgeadh, stóráil agus feidhmeanna hidrigine a fhorbairt
122	4.B.3 Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid	M	Glacadh na dtreoirlínte cistiúcháin le haghaidh na gceithre réimse idirghabhála
131	4.B.4 Infheistíocht i gcur chun feidhme Altranais Pobail	M	Tús le hobair altraí pobail
134	4.C.1 Clár cultúir foirgníochta a fhorbairt	M	An Ceathrú Tuarascáil maidir leis an gCultúr Foirgníochta
167	4.D.10 Margadh an tsaothair: ionad ilfhreastail	M	Forbairt choincheapúil
162	4.D.7 An Straitéis Náisiúnta um Oideachas Airgeadais	M	Doiciméad straitéise
165	4.D.9 Caipiteal cothromais a neartú	M	Foraithne maidir le hiasachtaí arna ráthú ag an stát a chomhshó ina gcothromas
3	1.A.2 Córais téimh ola agus gáis a mhalartú	T	Córais téimh a athsholáthar
12	1.B.2 Tabhairt isteach ticéid aeráide 1-2-3	M	Ticéad aeráide 1-2-3 a thabhairt isteach
24	1.C.1 Creat dlíthiúil chun rátaí bailiúcháin le haghaidh pacáistíocht dí agus soláthar coimeádán dí in-athúsáidte sa mhiondíol a mhéadú	M	Teacht i bhfeidhm an Achta leasaithe um Bainistiú Dramhaíola
38	1.D.1 An Dlí um Leathnú maidir le Fuinneamh In-athnuaite	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Méadú ar Fhoinsí In-athnuaite
44	2.A.1 Bonneagar Idirlín Ardáin a chur ar bun don Ostair (PIA) 2030	M	Clár oibre Ardán Bhonneagar Idirlín na hOstaire (PIA 2030) chun idirghníomhaíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile a chomhordú
53	2.B.2 Feistí digiteacha úsáideora deiridh a sholáthar do scoileanna	T	Gléasanna digiteacha don chéad dá bhliain den mheánscoil
75	3.A.2 An Ostair Chandamach — Cur chun cinn na nEolaíochtaí Candamacha	M	Glao ar léirithe spéise (BMBWF); Gníomhaireacht fhorghníomhaithe a shainaithint
85	3.B.1 Bónas oideachais	T	Bónais oideachais eisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
93	3.C.2 Pacáiste oideachais feabhais	M	Tá na bearta tacaíochta le linn na scoilbhliana curtha i gcrích. Aicmí forlíontacha a sholáthar lena n-áirítear le linn laethanta saoire
97	3.D.1 IPCEI Micrileictreonaic agus nascacht	M	Critéir incháilitheachta a bhaineann leis an aeráid arna mbunú i ndoiciméid an ghlao
98	3.D.1 IPCEI Micrileictreonaic agus nascacht	M	Roghnú náisiúnta tionscadal chun tacú le forbairt teicneolaíochtaí nuálacha micrileictreonaice agus nascachta
107	4.A.2 Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a chistiú	M	Treoirlínte cistiúcháin a ghlacadh agus a fhoilsiú le haghaidh tionscadail cúraim sláinte phríomhúil
117	4.B.1 Straitéis um chosaint ithreach	M	Treochlár a ghlacadh do straitéis cosanta ithreach na hOstaire
137	4.C.3 Athchóiriú *Volkskundemuseum* Wien agus Prater Ateliers	M	Staidéir indéantachta do *Volkskundemuseum* Wien agus Prater Ateliers
143	4.C.5 Ciste infheistíochta do ghnólachtaí cultúrtha atá neamhdhíobhálach don aeráid	M	Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin lena mbunaítear an ciste infheistíochta
156	4.D.4 Creat rialachais maidir le gníomhú ar son na haeráide	M	Comhairle Aeráide na Saoránach *(Klimarat*) agus pointe fócasach maidir le buiséadú glas
Méid na Tráthchoda			**EUR 804597701**

An Dara Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
1	1.A.1Dícharbónú an stoic foirgneamh	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Téamh In-athnuaite agus an Achta leasaithe um Fhóirdheontais Chomhshaoil
5	1.A.2 Córais téimh ola agus gáis a mhalartú	T	Córais téimh a athsholáthar
6	1.A.3 An bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac	M	Tosaíochtaí cistiúcháin a chinneadh
13	1.B.3 Busanna astaíochtaí nialasacha	M	Seoladh an chláir tacaíochta maidir le busanna astaíochtaí nialasacha
27	1.C.2 Ciste bithéagsúlachta	M	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil don Chiste Bithéagsúlachta
35	1.C.5 Deisiú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn (bónas deisiúcháin)	M	Seoladh an chláir tacaíochta bónais deisiúcháin
86	3.B.1 Bónas oideachais	M	Beart bónais oideachais a ndearnadh meastóireacht air
88	3.B.2 Athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn	M	Tuarascáil cur chun feidhme
94	3.C.2 Pacáiste oideachais feabhais	M	Meastóireacht ar an bpacáiste oideachais feabhais
135	4.C.2 Straitéis náisiúnta digitithe a fhorbairt don oidhreacht chultúrtha	M	Seoladh an phróisis comhairliúcháin maidir le straitéis chun an oidhreacht chultúrtha a dhigitiú
153	4.D.2 Méadú ar an aois scoir iarbhír	M	Tabhairt isteach 50 % Aliquotierung den chéad mhéadú pinsin
159	4.D.5 Athchóiriú ar cháin éiceashóisialta	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar cháin éiceashóisialta
160	4.D.6 Maoiniú Glas (Clár Oibre)	M	An Clár Oibre maidir le Maoiniú Glas
164	4.D.8 Pacáiste um Ghnólachtaí Nuathionscanta	M	Teacht i bhfeidhm an phacáiste tionscnaimh
166	4.D.9 Caipiteal cothromais a neartú	M	Teacht i bhfeidhm na foirme cuideachta le haghaidh infheistíochtaí i scairshealbha (SICAV)
168	4.D.10 Margadh an tsaothair: ionad ilfhreastail	M	Tús oibríochtaí
171	4.D.11 Léirscaoileadh rialachán gnó	M	Teacht i bhfeidhm an Achta um Thréimhse Chairde
60	2.C.2 Riarachán poiblí an chiste don digitiú	M	Tionscadail roghnaithe
78	3.A.3 Institiúid na hOstaire um Leigheas Beachtais	M	Formheas pleanála aireachta (BMBWF & BMF)
144	4.C.5 Ciste infheistíochta do ghnólachtaí cultúrtha atá neamhdhíobhálach don aeráid	M	An chéad ghlao ar léirithe spéise
154	4.D.3 Bochtaineacht seanaoise a laghdú trí dhaoine a dhreasú chun bheith ag obair ar feadh tréimhse níos faide	M	Teacht i bhfeidhm an dlí lena dtugtar isteach méadú ar an mbónas iarchurtha pinsin
157	4.D.4 Creat rialachais maidir le gníomhú ar son na haeráide	M	Teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar isteach seiceáil éigeantach aeráide le haghaidh tograí reachtacha nua

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
32	1.C.4 Iarfheistiú saoráidí sórtála atá ann cheana agus tógáil saoráidí sórtála nua	T	Iarratais ar cheadanna le haghaidh tógála nó iarfheistithe
46	2.A.2 Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Gigighiotáin a chruthú	M	Glaonna ar thairiscintí chun líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe a chur i gcrích
146	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	M	Athbhreithniú Caiteachais ar an anailís ar thacaíocht don bheartas aeráide agus fuinnimh agus ar thírdhreach na ndreasachtaí
2	1.A.1 Dícharbónú an stoic foirgneamh	M	Oiliúint do chomhairleoirí fuinnimh
57	2.C.1 Reachtaíocht atá beartaithe d'aon iarraidh amháin: Leasú ar an Acht um Thairseach na Seirbhíse Gnó	M	Clárlanna a nascadh leis an Líonra Clár agus Córas (RSV), an Tairseach Aonair Dhigiteach (SDG) a ullmhú, tús a chur leis an mBunachar Sonraí um Oibleagáid Faisnéise (IVDB) ag Aireachtaí
81	3.A.4 Bonneagair Thaighde (Digiteacha)	M	Cinntí dámhachtana maidir le deontais d'ollscoileanna a infheistíonn i mbonneagar taighde digiteach
104	4.A.1 Cúram sláinte príomhúil a fheabhsú	M	Ardán maidir le cúram sláinte príomhúil agus bearta gaolmhara
114	4.A.4 Cur i bhfeidhm náisiúnta idirghabhálacha luath-óige (Frühe*Hilfen) do*mhná torracha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, dá leanaí óga agus dá dteaghlaigh	M	Na comhlachtaí cur chun feidhme a shainaithint agus a chur ar iontaoibh
118	4.B.1 Straitéis um chosaint ithreach	M	Glacadh straitéis chainníochtúil na hOstaire um chosaint ithreach
120	4.B.2 Athchóiriú chun soláthar cúraim a fhorbairt a thuilleadh	M	Bunaítear prionsabail chun rialachas atá bunaithe ar spriocanna cúraim fhadtéarmaigh (‘Zielsteuerung Pflege*’)*a chur chun feidhme
132	4.B.4 Infheistíocht i gcur chun feidhme Altranais Pobail	M	Meastóireacht idirthréimhseach
155	4.D.3 Bochtaineacht seanaoise a laghdú trí dhaoine a dhreasú chun bheith ag obair ar feadh tréimhse níos faide	M	Teacht i bhfeidhm an dlí lena leasaítear *Korridorpension*
161	4.D.6 Maoiniú Glas (Clár Oibre)	M	Táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla a úsáid chun gnóthú an chur chun feidhme a thomhas
163	4.D.7 An Straitéis Náisiúnta um Oideachas Airgeadais	M	Bailchríoch a chur ar an gCreat Inniúlachta don oideachas airgeadais
182	6.A.1 Socruithe le haghaidh chreat rialaithe an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta	M	Socruithe le haghaidh chreat rialaithe an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta
67	2.D.2 Infheistíochtaí digiteacha i bhfiontair	T	Infheistíochtaí digitithe in 7000 cuideachta ar a laghad faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta
89	3.B.2 Athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn	T	Daoine a bhaineann tairbhe as athsciliú agus uas-sciliú.
Méid na Tráthchoda			**EUR 1051832796**

An Tríú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
25	1.C.1 Creat dlíthiúil chun rátaí bailiúcháin le haghaidh pacáistíocht dí agus soláthar coimeádán dí in-athúsáidte sa mhiondíol a mhéadú	M	Teacht i bhfeidhm an rialacháin cur chun feidhme
28	1.C.2 Ciste bithéagsúlachta	M	An glao ar thionscadail a chur i gcrích chun éiceachórais dhíghrádaithe tosaíochta a athbhunú agus chun speicis agus gnáthóga atá i mbaol a chosaint
136	4.C.2 Straitéis náisiúnta digitithe a fhorbairt don oidhreacht chultúrtha	M	Foilsiú na straitéise maidir le digitiú na hoidhreachta cultúrtha ag an Aireacht Cultúir (BMKOES)
140	4.C.4 Oidhreacht chultúrtha an rabharta digitithe	M	*Kulturpool Neu*’ — ardán gréasánbhunaithe um chomhiomlánú sonraí ó institiúidí oidhreachta cultúrtha éagsúla
111	4.A.3 An t-ardán leictreonach ‘pas tuismitheora-linbh’ a fhorbairt	M	Teacht i bhfeidhm an dlí lena sainítear an creat don ‘phas tuismitheora-linbh’ leictreonach
147	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	M	Athbhreithniú Caiteachais ‘Sineirgí le tírdhreach cistiúcháin na *Länder a shainaithint’*
9	1.B.1 Máistirphlean Soghluaisteachta 2030	M	Tá tús curtha le cur chun feidhme an Mháistirphlean Soghluaisteachta
115	4.A.4 Cur i bhfeidhm náisiúnta idirghabhálacha luath-óige (Früh*eHilfen) do*mhná torracha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, dá leanaí óga agus dá dteaghlaigh	T	Idirghabhálacha luath-óige a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta
151	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	M	Athbhreithniú Caiteachais ‘Digitiú a chur chun cinn tuilleadh sa riarachán poiblí’
22	1.B.5 Iarnróid nua a thógáil	M	Conarthaí a dámhadh
45	2.A.1 Bonneagar Idirlín Ardáin a chur ar bun don Ostair (PIA) 2030	M	Cur chun feidhme na mbeart a d’fhorbair an tArdán chun rómhaorlathas a laghdú agus nósanna imeachta maidir le húsáid leathanbhanda a shimpliú
58	2.C.1 Reachtaíocht atá beartaithe d’aon iarraidh amháin: Leasú ar an Acht um Thairseach na Seirbhíse Fiontair	M	Lena mbunaítear nasc an chórais theicniúil aonuaire
61	2.C.2 Riarachán poiblí an chiste don digitiú	M	Tuarascálacha deiridh ar na tionscadail a cistíodh
64	2.D.1 Digitiú FBManna	T	Tionscadail digitithe FBManna a chur i gcrích
69	2.D.3 Infheistíochtaí glasa i bhfiontair	T	Infheistíochtaí sa leictrea-shoghluaisteacht
79	3.A.3 Institiúid na hOstaire um Leigheas Beachtais	M	Tús le tógáil Institiúid an Leighis Beachtais
90a	3.C.1 Rochtain mhéadaithe ar oideachas	M	Teacht i bhfeidhm an Achta leasaithe um Oideachas Scoile
105	4.A.1 Cúram sláinte príomhúil a fheabhsú	T	Imeachtaí cur chun cinn i gcomhthéacs an chláir ardáin/gorlainne
108	4.A.2 Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a chistiú	T	Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a mhaoiniú
112	4.A.3 An t-ardán leictreonach ‘pas tuismitheora-linbh’ a fhorbairt	M	Dámhachtain an chonartha ríomhchlárúcháin ardáin ‘pas tuismitheora-linbh’

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
123	4.B.3 Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid	T	Tionscadail athchóirithe theirmigh curtha i gcrích
127	4.B.3 Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid	T	Tionscadail maidir leis an nasc le téamh ceantair ardéifeachtúlachta curtha i gcrích
129	4.B.3 Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid	T	Tionscadail talún athfhorbraíochta curtha i gcrích
47	2.A.2 Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Gigighiotáin a chruthú	M	Síniú na gconarthaí
172	5.A.1 Dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh	M	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh leasaithe um Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol
174	5.A.2. Hidrigin mar phríomhtheicneolaíocht i dtreo na haeráidneodrachta	M	Foilsítear an straitéis náisiúnta hidrigine agus bunaítear an t-ardán náisiúnta hidrigine
177	5.B.1. Córais fhótavoltacha	M	Foilsiú na dtreoirlínte
180	5.B.2. Feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha a chistiú	M	Seoladh an ghlao ar mhaoiniú
Méid na Tráthchoda			**EUR 798173595**

An ceathrú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
7	1.A.3 An bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac	T	Tionscadail athchóirithe theirmigh formheasta
30	1.C.3 Infheistíochtaí i gcórais díola droim ar ais, i saoráidí níocháin agus athlíonta, agus i dtrealamh pacáistíochta	T	Córais aisghlactha
36	1.C.5 Deisiú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn (bónas deisiúcháin)	T	Trealamh leictreach nó leictreonach deisithe nó athnuaite
39	1.D.1 An Dlí um Leathnú maidir le Fuinneamh In-athnuaite	T	Acmhainneacht bhreise giniúna leictreachais in-athnuaite
121	4.B.2 Athchóiriú chun soláthar cúraim a fhorbairt a thuilleadh	M	Tús a chur le cur chun feidhme phríomhghnéithe an athchóirithe ar sholáthar cúraim fhadtéarmaigh
99	3.D.1 IPCEI Micrileictreonaic agus nascacht	T	Tús curtha le 66 % ar a laghad de na tionscadail fhormheasta
102	3.D.2 Hidrigin IPCEI	T	Tús curtha le 66 % ar a laghad de na tionscadail fhormheasta
116	4.A.4 Cur i bhfeidhm náisiúnta idirghabhálacha luath-óige (Früh*e Hilfen) do*mhná torracha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, dá leanaí óga agus dá dteaghlaigh	T	‘Cur i bhfeidhm náisiúnta idirghabhálacha luath-óige
14	1.B.3 Busanna astaíochtaí nialasacha	M	Cuireadh an glao deiridh i gcrích
18	1.B.4 Feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha	M	Cuireadh an glao deiridh i gcrích

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
42	1.D.2 An geilleagar a chlaochlú i dtreo na haeráidneodrachta	T	Tionscadail dícharbónaithe a chur i bhfeidhm
73	3.A.1 RTI-Straitéis 2030	T	Comhaontuithe feidhmíochta agus maoiniúcháin a thabhairt chun críche
76	3.A.2 An Ostair Chandamach — Cur chun cinn na nEolaíochtaí Candamacha	M	Rialacháin leasaithigh
90b	3.C.1 Rochtain mhéadaithe ar oideachas	M	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le modúil bhreise de na measúnuithe caighdeánaithe náisiúnta a chur chun feidhme
133	4.B.4 Infheistíocht i gcur chun feidhme Altranais Pobail	T	150 altra pobail atá gníomhach ar an leibhéal náisiúnta
141	4.C.4 Oidhreacht chultúrtha an rabharta ‘Digiteáil’	T	Clár digitithe na réad cultúrtha agus ealaíne
148	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	M	Athbhreithniú Caiteachais ‘Cur chun feidhme thacsanomaíocht an Aontais ar an leibhéal náisiúnta’
173	5.A.1 Dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh	M	An 9ú Tuarascáil maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol curtha faoi bhráid na Parlaiminte
175	5.A.2 Hidrigin mar phríomhtheicneolaíocht i dtreo na haeráidneodrachta	M	Foilsiú na tuarascála meastóireachta
178	5.B.1 Córais fhótavoltacha	T	Córais fhótavoltacha a shuiteáil
Méid na Tráthchoda			**EUR 587622536**

An cúigiú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
70a	2.D.3 Infheistíochtaí glasa i bhfiontair	T	Infheistíocht i nglasú (Ökologisierung)
54	2.B.2 Feistí digiteacha úsáideora deiridh a sholáthar do scoileanna	T	Gléasanna digiteacha arna seachadadh chuig scoileanna
149	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	M	Athbhreithniú Caiteachais ‘Scairsheilbheanna san earnáil phoiblí’
10	1.B.1 Máistirphlean Soghluaisteachta 2030	M	Laghdú ar astaíochtaí CO2 in earnáil an iompair intíre
145	4.C.5 Ciste infheistíochta do ghnólachtaí cultúrtha atá neamhdhíobhálach don aeráid	M	Méid airgeadais an chiste infheistíochta a ghealladh
74	3.A.1 RTI-Straitéis 2030	M	Foilsiú Chomhshocrú TTN 2027-2029
91a	3.C.1 Rochtain mhéadaithe ar oideachas	M	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le critéir a bhunú chun cúlra socheacnamaíoch daltaí a shonrú
95	3.C.3 Méadú ar an mbunoideachas	M	Rátaí cúraim leanaí do leanaí faoi bhun trí bliana d’aois
96	3.C.3 Méadú ar an mbunoideachas	M	Rátaí oideachais luath-óige do leanaí trí bliana d’aois, ceithre bliana d’aois agus cúig bliana

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
			d'aois atá comhoiriúnach le fostaíocht lánaimseartha tuismitheoirí
110	4.A.2 Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a chistiú	T	Tionscadail cúraim sláinte phríomhúil a mhaoiniú
138	4.C.3 Athchóiriú Volkskundemuseum Wien agus Prater Ateliers	M	Athchóiriú ar na Prater Ateliers
19	1.B.4 Feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha	T	Feithiclí atá feistithe le teicneolaíochtaí iomlána leictreacha nó hidrigine
37	1.C.5 Deisiú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn (bónas deisiúcháin)	T	Gléasanna leictreacha nó leictreonacha deisithe nó athnuaite
83	3.A.4 Bonneagair Thaighde (Digiteacha)	M	Tacaíocht eisíoctha le faighteoirí
142	4.C.4 Oidhreacht chultúrtha an rabharta digitithe	T	Clár digitithe na réad cultúrtha agus ealaíne
179	5.B.1. Córais fhótavoltacha	T	Córais fhótavoltacha a shuiteáil
181	5.B.2. Feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha a chistiú	T	Feithiclí atá feistithe le teicneolaíochtaí iomlána leictreacha nó hidrigine
Méid na Tráthchoda			**EUR 370449901**

An Séú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
31	1.C.3 Infheistíochtaí i gcórais díola droim ar ais, i saoráidí níocháin agus athlíonta, agus i dtrealamh pacáistíochta	T	Tionscadail chun saoráidí níocháin, athlíonta nó pacáistithe a fháil nó coimeádáin dí in-athúsáidte a fháil
33	1.C.4 Iarfheistiú saoráidí sórtála atá ann cheana agus tógáil saoráidí sórtála nua	T	Saoráidí sórtála nua nó iarfheistithe
77	3.A.2 An Ostair Chandamach — Cur chun cinn na nEolaíochtaí Candamacha	M	Síniú comhaontuithe feidhmíochta le hollscoileanna
150	4.D.1 Athbhreithniú caiteachais lena ndírítear ar an gclaochlú glas agus digiteach	M	Athbhreithniú Caiteachais 'Inbhuanaitheacht an tSoláthair Phoiblí'
176	5.A.2. Hidrigin mar phríomhtheicneolaíocht i dtreo na haeráidneodrachta	M	Foilsiú an phlean chomhtháite náisiúnta bonneagair fuinnimh agus teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis na ceanglais chun hidrigin in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh
8	1.A.3 An bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac	T	Fógra faoi chur i gcrích a chur isteach
15	1.B.3 Busanna astaíochtaí nialasacha	T	Busanna atá feistithe le teicneolaíochtaí iomlána leictreacha nó hidrigine
23	1.B.5 Iarnróid nua a thógáil	M	Deimhniú na n-oibreacha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
29	1.C.2 Ciste bithéagsúlachta	T	Tionscadail bhithéagsúlachta
40	1.D.1 An Dlí um Leathnú maidir le Fuinneamh In-athnuaite	T	Toilleadh leictrealóra suiteáilte
43	1.D.2 An geilleagar a chlaochlú i dtreo na haeráidneodrachta	T	Tuarascálacha a eisiúint maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú le haghaidh tionscadail dícharbónaithe
80	3.A.3 Institiúid na hOstaire um Leigheas Beachtais	M	Réamhghlacadh leis an bhfoirgneamh
113	4.A.3 An t-ardán leictreonach ‘pas tuismitheora-linbh’ a fhorbairt	T	Iarratais atá ar fáil sa timpeallacht tástála
130	4.B.3 Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid	T	Tionscadail talún athfhorbraíochta
139	4.C.3 Athchóiriú Volkskundemuseum Wien agus Prater Ateliers	M	Athchóiriú an Volkskundemuseum
48	2.A.2 Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Gigighiotáin a chruthú	T	Tionscadail lena soláthraítear rochtain ar leathanbhanda
103b	3.D.2 Hidrigin IPCEI	T	Cuireadh tús leis an gcéad chéim thionsclaíoch den chur in úsáid
100	3.D.1 IPCEI Micrileictreonaic agus nascacht	T	EUR 125000000 leithdháilte agus litreacha íocaíochta maidir le híocaíochtaí EUR 100000000 ar a laghad seolta
Méid na Tráthchoda			**EUR 348481021**

ROINN 3: COMHSHOCRAÍOCHTAÍ BREISE

1. Socruithe maidir le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme

Déanfar faireachán agus cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire i gcomhréir leis na socruithe seo a leanas:

Áiritheoidh an Aireacht Airgeadais comhordú foriomlán an chur chun feidhme agus an chórais faireacháin agus rialaithe. Déantar cur síos cuimsitheach sa phlean ar roinnt na gcúraimí agus ar an gcaidreamh idir na córais faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe. Cé go ndéantar na cúraimí cur chun feidhme agus faireacháin agus rialaithe le haghaidh na mbeart a tharmligean chuig na hAireachtaí aonair, is léir go nglacfaidh an Aireacht Airgeadais freagracht iomlán as a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais uile a bhaineann leis an gcur chun feidhme agus leis an gcóras faireacháin agus rialaithe.

Tá feidhm chomhordúcháin na hAireachta Airgeadais bunaithe ar shásraí agus rialacháin náisiúnta sheanbhunaithe. Cuirfear na forálacha dlíthiúla náisiúnta ábhartha agus an sásra náisiúnta faireacháin agus rialaithe i bhfeidhm, lena n-áirítear na hoibleagáidí tuairiscithe comhfhreagracha. Déanfar eisíocaíocht an chistithe le haghaidh bearta a áirítear sa phlean leis na faighteoirí deiridh i gcomhréir leis an mbunús dlí do na treoirlínte ginearálta cistiúcháin (Förderrichtlinien),i gcás inarb infheidhme[3].

2. Socruithe chun rochtain iomlán a sholáthar don Choimisiún ar na bunsonraí

Beidh an Aireacht Airgeadais freagrach as comhordú agus faireachán foriomlán an phlean agus as a chur chun feidhme. Féadfaidh sé brath ar Aireachtaí cur chun feidhme chun cur chun feidhme ceart na mbeart ina réimsí freagrachta a fhíorú. Tá ranna tiomnaithe ag na hAireachtaí cur chun feidhme don rialú inmheánach. Gníomhóidh an Aireacht Airgeadais mar chomhlacht lárnach comhordaithe chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le garspriocanna agus spriocanna, chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialaithe agus iniúchóireachta agus, i gcás inarb iomchuí, chun iad a chur chun feidhme, agus chun tuairisciú agus iarrataí ar íocaíochtaí a sholáthar. Comhordóidh sé tuairisciú na ngarspriocanna agus na spriocanna, na dtáscairí ábhartha agus na faisnéise airgeadais cáilíochtúla agus sonraí eile, amhail sonraí maidir le faighteoirí deiridh. Déanfaidh na hAireachtaí éagsúla, nó i gcás inarb ábhartha a gcuid fochomhlachtaí cur chun feidhme, na sonraí ábhartha a ionchódú agus na sonraí is gá a thuairisciú don Aireacht Airgeadais.

Chun rochtain iomlán a thabhairt don Choimisiún ar na bunsonraí ábhartha, beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm ag an Ostair:

I gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2021/241, nuair a bheidh na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha comhaontaithe i Roinn 2.1 den Iarscríbhinn seo curtha i gcrích, cuirfidh an Ostair iarraidh chuí-réasúnaithe ar íocaíocht na ranníocaíochta faoi bhráid an Choimisiúin. Áiritheoidh an Ostair, arna iarraidh sin, go mbeidh rochtain iomlán ag an gCoimisiún ar na bunsonraí ábhartha a thacaíonn leis an údar cuí atá leis an iarraidh ar íocaíocht, chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ar íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/241 agus chun críoch iniúchóireachta agus rialaithe araon.

[3] I gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta faoi seach maidir le cistiú agus ar bhonn cinntí cistiúcháin aonair (gníomhartha riaracháin) i bhfabhar na bhfaighteoirí deiridh.